Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**




# Plean Corparáideach
# 2020 / 2024

Plain English
Approved by NALA

Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Plean Corparáideach
2020 / 2024

# Fáilte




## Clár


Misean 3-4

Brollach 6

An Plean Seo 7

Maidir le hÁth Cliath Theas 9-12

Ár bPríomhsheirbhísí 14

Ár mBunluachama 15

Ag obair le chéile - Téamaí Trasghearrtha agus coimhoibriú 16

An Timpeallacht oibriúcháin 17-20

Téamaí, cuspóirí agus straitéisí ardleibhéil 21

1. Forbairt eacnamaíochta, fiontraíochta agus turasóireachta 22-23
2. Talamhúsáid, pleanáil agus iompar 24
3. Tithíocht, forbairt shóisialta agus phobail 25-26
4. Comhshaol, uisce agus athrú aeráide 27-28
5. Cumas agus cuntasacht eagrúcháin 29-30

Feidhmiú, faireachán agus athbhreithni 32

**Aguisín 1** - Creat Cearta Daonna agus Comhionnanais 33-34

**Aguisín 2** - Plean bliantúil oibre agus cairt feidhmíochta 35-36

Aguisín 3 - Táscairí Feidhmíochta agus sonraí bonnlíne 37

**Aguisín 4** - Grúpa polasaí corparáideach agus foireann ardbhainistíochta/ Maoirseacht Neamhspleách 39-40

Aguisín 5 - An próiseas Comhairliúcháin 41

Aguisín 6 - Liosta de na straitéisí agus de na beartais a pléadh 42-43

Aguisín 7 - Na Comhairleoirí 44-50

Gluais 51-52



AGM and new Mayor Election

# Misean

Áit bhríomhar ionchuimsitheach a dhéanamh as ár gcontae do na daoine a chónaíonn, a thagann ar cuairt, atá ag obair agus ag déanamh gnó anseo, anois agus amach anseo.



Playspace opening at Lucan Demsene

# Brollach

Tá ábharthacht agus tábhacht na pleanála corparáidí soiléir má dhéantar anailís ghearr ar chúlra agus ar chomhthéacs na tréimhse pleanála reatha agus is déanaí.

Bhí an plean deireanach faoi thionchar láidir ag an meathlú ba mheasa a bhí againn riamh. Cúig bliana níos déanaí, tá feabhas mór ar an ionchas eacnamaíoch. Tá amhras ann fós faoi imeachtaí domhanda ar nós Brexit agus trádáil idirnáisiúnta, ach tá cuma níos dóchasaí go ginearálta ar threochtaí eacnamaíocha. Tá an comhthéacs náisiúnta beartais, a fhad is a bhaineann sé le rialtas áitiúil, faoi thionchar na riachtanas Tithíochta agus Gníomhaíochtaí Aeráide. Beidh prionsabal na hinbhuanaitheachta chun tosaigh i smaointeoireacht pholasaí na heagraíochta seo go ceann i bhfad.

Beidh an todhchaí ag brath ar an fhreagra a thugaimid ar na dúshláin reatha, agus táimid tiomanta don fhreagra cuí a thabhairt dá réir. Beidh orainn glacadh leis an athrú go fonnmhar, nuáil a chur chun cinn agus na pobail a threorú le teacht linn. Mar chomhlacht poiblí, tá freagracht ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas an comhionnanas a chur chun cinn, an leithcheal a chosc agus cearta daonna ár gcomhaltaí, ár bhfostaithe agus úsáideoirí ár seirbhísí a chosaint. Cur chuige lán-ionchuimsitheach a bheidh againn le haird ar leith ar na daoine is leochailí. Tá tuiscint nua ar ár n-idirghníomhaíocht leis an phobal ag eascairt as an gcumarsáid shóisialta agus dhigiteach agus ní hamháin go gcaithfimid coinneáil suas leis na hathruithe seo: ní mór dúinn glacadh go fonnmhar oscailte leo agus freastal orthu mar go mbeidh gnáthais na seirbhísí poiblí á sainmhíniú acu sa todhchaí.

Is cuid bhunúsach dár dtiomantas i leith chaighdeán na beatha agus deiseanna a fheabhsú do chách sa chontae é an plean seo, anois agus sa todhchaí. Déanfaimid athbhreithniú trédhearcach poiblí ar ár ndul chun cinn sa tréimhse cúig bliana, agus déanfar tuairisciú rialta air.

**An Comhairleoir Vicki Casserly,**
Méara, Comhairle Contae Baile Átha Cliath Theas

**Daniel McLoughlin, Uasal,**
**Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Átha Cliath Theas**

# An Plean Seo

**Fáilte chuig Plean Corparáideach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2020 - 2024.**

Tá súil againn go bhfuil an t-eolas a chuirimid i láthair anseo úsáideach, agus go dtabharfaidh sé léargas ar ár gcuid oibre - cad a dhéanaimid agus conas a dhéanaimid é. Táimid bródúil as ár gcontae agus tiomanta do chomhoibriú leis an phobal le forbairt a dhéanamh ar Chontae Átha Cliath Theas mar áit chónaithe agus oibre shona shláintiúil. Tá gluais de na téarmaí ar fáil ar leathanach ? Tugtar míniú ann ar chuid den teanga speisialaithe a bhíonn orainn a úsáid uaireanta, agus aibhsítear na téarmaí seo i ngorm sa phlean seo, ionas go mbeidh a fhios agat gur féidir níos mó a léamh fúthu sa ghluais iomlán.

Úsáideadh cur chuige leitheadach ar fud na heagraíochta agus an plean seo á ullmhú, ag cur gníomhaíochtaí éagsúla na Comhairle san áireamh. Aithnítear cuspóirí agus straitéisí phríomhghníomhaíochtaí na Comhairle sa phlean, atá deartha le freastal ar ár gcúinsí reatha. Beidh solúbthacht ann freisin le freastal ar éilimh na n-athruithe sa chomhshaol le linn thréimhse an phlean.

Ullmhaíodh an plean de réir:

- an tAcht Rialtas Áitiúil, 2001, mar atá leasaithe,
- na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil maidir le pleananna údarás áitiúla a ullmhú, agus
- agus Tuarascáil NOAC ar Phleananna Corparáideacha Údarás Áitiúla 2015 - 2019.

Cuirtear beartais agus cuspóirí reatha atá leagtha amach i gcáipéisí a d'ullmhaigh an Chomhairle roimhe san áireamh faoin Acht Rialtas Áitiúil 2001, mar atá leasaithe.

Déantar ceangal soiléir sa Phlean seo idir Pleanana Seachadadh Seirbhísí na Comhairle, an próiseas buiséid, an córas bainistiú agus forbairt feidhmíochta (PMDS), an córas iniúchóireachta agus tuarascáil mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh ar dhul chun cinn.

### Athbhreithnithe bliantúla


Ag deireadh gach bliana déanfaidh an Grúpa Beartais Corparáideach, ag obair leis an bhfeidhmeannas, athbhreithniú ar ghnóthachtála na bliana sin agus déanfar measúnú ar an dul chun cinn maidir leis an bplean corparáideach a chur i bhfeidhm. Eiseoimid tuarascáil chuig na Comhairleoirí go léir le hathbhreithniú sula bhfoilseoimid í sa Tuarascáil Bhliantúil.

### Conas a dhéanfaimid cumarsáid leat

Déanfaimid cóip den phlean seachadadh seirbhísí bliantúil a sheachadadh gach bliain chuig gach líon tí i gContae Átha Cliath Theas. Tabharfar sonraí sa phlean seachadadh seirbhíse dár dtiomantas agus de phleananna na bliana seo chugainn. Foilseoimid Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Tuarascáil Bhliantúil ar shuíomh gréasáin na comhairle www.sdcc.ie agus beidh cóipeanna díobh ar fáil ar iarratas sna leabharlanna áitiúla.



Social Inclusion Festival Celebration



N
W
E
S
Meath
Fingal
Dublin City
Kildare
Wicklow
Dunlaoghaire Rathdown
Weston Aerodrome
Lucan
N4
Palmerstown
Liffey Valley
Palmerstown-Fontill
Lucan
Adamstown
Griffeen Valley Park
Clonburris
Grange Castle
M50
Walkinstown
Clondalkin
Grange Castle Golf Course
Corkagh Park
Rathfarnham-Templeogue
Newcastle
Baldonnel Aerodrome
Tymon Park
Templeogue
Rathfarnham
Tallaght Central
Tallaght
N7
Ballyroan
Clondalkin
Dodder Valley Park
Saggart
Knocklyon
Rathcoole
N81
Firhouse
M50
Bohernabreena
Tallaght South
Brittas
Firhouse-Bohernabreena
Meath
Fingal
Dublin City
South Dublin
Kildare
Wicklow
Legend
Population Centres
Aerodromes
Motorway
Major Roads
Local Roads
Grand Canal
Railway Line
Luas Line
Rivers
Regional Parks
County Boundary
Local Electoral Areas
Clondalkin
Firhouse-Bohernabreena
Lucan
Palmerstown Fonthill
Rathfarnham - Templeogue
Tallaght Central
Tallaght South
0 1.25 2.5 5 7.5 10 Kilometers

# Maidir le Contae Átha Cliath Theas

### Cé chomh mór is atá achar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas?

Tá achar timpeall 223 ciliméadar cearnach ag ceantar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Soir ó thuaidh tá cathair Bhaile Átha Cliath, tá Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin ó dheas, Abhainn na Life ó thuaidh á dhealú ó Fhine Gall agus Contae Chill Dara thiar.

### Cén comhdhéanamh atá ag an daonra?

Tá daonra de 278,767 daoine sa chontae, iad ina gcónaí i 92,363 teach dar le daonáireamh 2016. Tháinig méadú 5% ar an daonra ó dhaonáireamh 2011. Tá sé seo níos airde ná an t-ardú daonra náisiúnta de 3.8% agus ar aon dul leis an leibhéal fáis i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Cuireann an contae go mór le heacnamaíocht na príomhchathrach, le níos mó daoine ag obair sa chontae (84,627) ná mar a fhágann é le dul ag obair (55,870 duine).

### Próifíl aoise

Tá aois mheánach de 35.5 bliana ag na daoine a chónaíonn sa chontae, níos óige ná an meán do Chúige Laighean (36.6), do Chathair Bhaile Átha Cliath (37.4).

Cé go bhfuil próifíl óg aoise ag an gcontae, tá méadú ar líon na ndaoine scothaosta sa chontae, le méadú 34% i ndaoine 65 bliana d'aois agus níos sine.

### Úinéireacht Tí

Tá an dara ráta úinéireacht tí i réigiún Bhaile Átha Cliath ann, ag 68%.

### Náisiúnaigh neamh-Éireannacha

Tá náisiúntacht neamh-Éireannach ag 11.4 % den daonra, (30,939), timpeall leath líon na ndaoine neamh-Éireannacha a bhí sa Chontae in 2011

### Cad é comhdhéanamh na Comhairle?

Tá 40 comhalta tofa ag an gComhairle, iad scaipthe thar seacht dtoghcheantar. Toghann na comhaltaí tofa Méara gach bliain. Chomh maith leis an nGrúpa Beartais Corparáideach, tá sé Choiste Beartais Straitéiseach ann a dhéanann beartais a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na coistí comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus d'ionadaithe ó na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumainn.

### Conas a dhéanaimid nasc leis an phobal?

Tá nascanna láidre ag an gComhairle le hearnáil na forbartha pobail agus áitiúla tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) agus Coiste Forbartha Pobail Áitiúil. Cinntíonn na nascanna seo rannpháirtíocht an phobail, agus rialachas agus maoirsiú ar an gcaiteachas poiblí ó fhoinsí násiúnta.



AGM and new Mayor Election


Shackleton Open Space, Adamstown

# Ár bpríomh-sheirbhísí

Tá cúig réimse seirbhíse againn mar a leanas:

**1 Forbairt eacnamaíochta, fiontraíochta agus turasóireachta**

- Forbairt eacnamaíochta agus cur chun cinn an chontae ar son infheistíochta
- Forbairt agus tacaí don fhiontraíocht
- Bainistiú sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, an oifig ealaíona agus an bonneagar cultúrtha
- Poiblíocht don chontae agus forbairt na turasóireachta

**2 Talamhúsáid, pleanáil agus iompar**

- Bainistíocht Forbartha
- Pleanáil Chun Cinn
- Tógáil agus cothabháil bóithre
- Bainistíocht Tráchta
- Soilsiú Poiblí
- Rialú Tógála
- Cur chun cinn na hoidhreacht agus an chaomhnaithe

**3 Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail**

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháileadh, cothabháil agus athchóiriú tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistíocht eastáit agus forbairt phobail
- Tograí aois-bháúla agus iniatacht shóisialta
- Cláir spóirt agus tograí sláinte agus folláine

**4 Comhshaol, uisce agus athrú aeráide**

- Maolú agus oiriúnú don athrú aeráide
- Bainistíocht mhór-éigeandála
- Dramhaíl agus forfheidhmiú
- Seirbhísí uisce agus draenála
- Seirbhísí tréidliachta
- Bainistíocht agus cothabháil ar an réim phoiblí

**5 Cumas agus cuntasacht eagrúcháin**

- Seirbhísí corparáideacha
- Bainistiú acmhainní daonna
- Bainistíocht airgeadais
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide
- Seirbhísí ailtireachta
- Seirbhísí dlí

# Bunluachanna

Beidh comhairleoirí agus lucht foirne Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoi threoir ag na bunluachanna seo agus beidh siad mar bhonn dár ngníomhaíochtaí uile.

### Seirbhísí do Chustaiméirí

Cuirfimid seirbhís ionrochtana, béasach, seasta, neamhchlaonta, freagrach ar fáil.  Beidh cairt saoránach againn le córas gearán agus cúitimh mar bhonn don tiomantas seo.

### Inbhuanaitheacht

Beimid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe maidir le hairgeadas, comhshaol, gnóthaí pobail agus saincheisteanna soch-eacnamaíocha. Ciallaíonn inbhuanaitheacht freastal ar riachtanais na ndaoine inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin.

### Ionchuimsitheacht, comhionnanas agus rochtain

Tabharfaimid tosaíocht don ionchuimsiú sóisialta, do chomhionnanas rochtana agus deiseanna, agus do riachtanais na ndaoine is leochailí nuair a bhíonn seirbhísí á ndearadh agus á seachadadh againn.

### Nuálaíocht, cruthaitheacht agus ilghnéitheacht

Beimid ag amharc ar bhealaí nua, cruthaitheacha ilghnéitheacha le seirbhísí a sheachadadh agus fadhbanna a réiteach agus spreagfaimid daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a mbíonn muid ag obair leo le cur chuige mar an gcéanna a chleachtadh.

### Cuntasacht agus trédhearcacht

Déanfaimid cumarsáid oscailte le daoine agus beimid trédhearcach inár gcinnteoireacht go léir.

### Luach ar airgead

Bainfimid úsáid éifeachtúil as acmhainní agus beidh measúnú leanúnach á dhéanamh againn ar ár bhfeidhmíocht.

Oibríonn na foirne seo le chéile chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le maolú aeráide, oiriúnú aeráide agus fuinneamh inbhuanaithe saor ó charbón.



Integration Strategy



# Ag obair le chéile

## - Téamaí Trasghearrtha agus coimhoibriú

Le linn an chomhairliúcháin don phlean corparáideach seo tháinig go leor téamaí chun cinn a bhfuil nádúr trasghearrtha acu - bíonn gach roinn den Chomhairle rannpháirteach iontu, agus ní freagracht do roinn ná do rannóg amháin iad.  Beidh comhoibriú thar ranna agus páirtithe leasmhara éagsúla de dhíth d'fhonn na torthaí is fearr a bhaint amach do chách

D'aimsíomar sé théama mar a leanas:

### Seachadadh seirbhísí d'ardchaighdeán

Leis na huirlisí agus na deiseanna atá forbartha ag an teicneolaíocht is féidir linn seachadadh seirbhísí a fheabhsú. Beimid dírithe ar chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú go leanúnach, ionas go mbeidh na seirbhísí ionrochtana, go háirithe trí sheachadadh digiteach, agus trí níos mó rannpháirtíochta agus éisteachta le húsáideoirí na seirbhísí, agus trí luach ar airgead a fheabhsú.

### Maolú agus oiriúnú don athrú aeráide

D'fhonn Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a sheachadadh ní mór don chomhairle uile cur chuige in éineacht, mar go bhfuil tionchar ag gníomhaíochtaí aeráide ar mhórán ranna agus rannóga sa Chomhairle.  Tá foirne athrú aeráide bunaithe ag an gComhairle ar fud na heagraíochta dá bhrí sin. Bíonn na foirne seo ag obair le chéile le dul i ngleic leis na dúshláin maolú aeráide, oiriúnú aeráide agus fuinneamh inbhuanaithe saor ó charbón.

### Forbairt Eacnamaíoch

Tá an tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch Chontae Átha Cliath Theas lárnach do gach rud a dheinimid. Oibrímid ar mhaithe le hinfheistíocht agus fiontraíocht a éascú le fostaíocht inbhuanaithe a chruthú dár bpobail agus cur leis an eacnamaíocht iomaíoch uirbeach sa phríomhchathair.

### Ionchuimsiú sóisialta, Comhionnanas agus cearta daonna

Cruthaíonn ionchuimsiú agus imeascadh sóisialta sochaí chóir ina nglactar le gach duine mar atá siad. Is féidir le gach duine a bheith rannpháirteach sa tsochaí gan a bhféiniúlacht chultúrtha a ghéilleadh. Is saothar leanúnach tábhachtach don Chomhairle é na prionsabail seo a chothú.

Is fíor freisin go gcruthaíonn méadú san ilghnéitheacht dúshláin do sholáthraithe seirbhísí agus tabharfar fúthu seo ar bhonn leathan corparáideach. Cuirtear creat cearta daonna agus comhionnanais i láthair go mion in aguisín 1, agus beidh an Chomhairle á fhorbairt go leanúnach agus ag tuairisciú faoin dul chun cinn inár dtuarascáil bhliantúil le linn saolré an phlean seo.

### Rannpháirtíocht na saoránach

Beidh an idirghabháil leis na daoine a chónaíonn sa chontae seo agus a bhaineann leas as seirbhísí na Comhairle ina chrann taca leanúnach agus ár seirbhísí á bhforbairt agus á seachadadh. Cabhraíonn sé seo linn a chinntiú go sásóidh seirbhísí na Comhairle riachtanais an chontae agus na saoránach. Déanfar forbairt go leanúnach ar áiseanna comhairliúcháin agus idirghabhála, d'fhonn cumas saoránachta a thógáil agus tacú le cinnireacht phobail.

### Sláinte agus folláine

Tugann an Chomhairle tacaíocht ghníomhach do spriocanna Éire Shláintiúil mar a dtugtar meas agus tacaíocht don tsláinte agus don fholláine ag gach leibhéal den tsochaí.  Mar údarás áitiúil bíonn tionchar suntasach againn ar an sprioc seo trínar gcuid oibre i leith ionchuimsiú, ealaíon, gníomhaíochtaí cultúrtha agus siamsaíochta, seirbhísí leabharlainne, cruthú fostaíochta agus tacú le fiontraíocht, soláthar tithíochta, seirbhísí agus áiseanna pobail, spóirt agus áineasa.

# An Timpeallacht oibriúcháin

Baineann ár dtimpeallacht oibriúcháin leis an timpeallacht sheachtrach ina mbímid ag obair. Tá sí faoi thionchar agus faoi stiúir ag saincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha, agus ag riachtanais agus rialacháin dlí. Bíonn tionchar ag na réimsí seo a leanas ar ár bpleanáil agus ar chomhlíonadh ár gcuid oibre.

### Riachtanais Dhlíthiúla agus Rialaitheacha

Tá reachtaíocht thábhachtach achtaithe le blianta beaga anuas a bhfuil tionchar acu ar gach gné den eagraíocht. Ní mór í a chur san áireamh ó thaobh chumas na heagraíochta an comhlíonadh a chinntiú, lena n-áirítear cosaint leanaí, cosaint sonraí, soláthar, cearta daonna agus comhionnanas, stocaireacht agus nochtuithe cosanta. Tá na dlithe nua seo sa bhreis ar a lán eile a mbíonn feidhm ag an eagraíocht leo ó thaobh faireacháin, rialú agus forfheidhmiú a dhéanamh orthu.

### Tosca Airgeadais

Bhí bonn sláintiúil airgeadais faoin gComhairle agus an plean seo á ullmhú mar gheall ar an ardú 16% nó €35 milliún ar an mbuiséad bliantúil idir 2015 agus 2020 agus fás láidir na heacnamaíochta náisiúnta. Ach tá neamhchinnteachtaí san eacnamaíocht i gcónaí, go háirithe mar gheall ar Brexit agus éiginnteachtaí faoi thrádáil idirnáisiúnta. Dá bharr sin ní mór dúinn díriú ar iomaíochas a thógáil agus bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar ár gcistí airgeadais.

### Tosca Polaitiúla

Le moltaí Choimisiún na Teorainne (a bhain leis an teorainn idir an Tuaisceart agus Poblacht na hÉireann) a fheidhmiú in 2019 b'éigean líon na dtoghcheantar áitiúla a mhéadú ó 6 go 7 agus athruithe teorann a dhéanamh i bhformhór na gceantar. Tar éis na dtoghchán áitiúil in 2019 chuireamar fáilte roimh 17 gcomhairleoir nua chuig an gComhairle, agus méadaíodh líon iomlán na gcomhairleoirí go 40.

Cruthaíodh struchtúir nua rialtais réigiúnacha le bunú trí Thionól Réigiúnach náisiúnta in 2015. Tá na Tionóil Réigiúnacha comhdhéanta de chomhaltaí na n-údarás áitiúla. Tá 35 comhaltaí ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre as comhairlí contae Dhún Laoghaire-Ráth Dúin, Fionnghal, Cill Dara, Laois, Longphort, Lú, An Mhí, Uíbh Fhailí, Áth Cliath Theas, An Iarmhí, agus Cill Mhantáin, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tugtar tacaíocht don daonlathas trí obair leanúnach Choiste Forbartha na bPobal Áitiúla, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus trí nuálacha áitiúla ar nós togra rannpháirteach buiséid na Comhairle.

### Tionchair Shoch-eacnamaíocha

Cuireadh béim ar leith ar shaol soch-eacnamaíoch Chontae Átha Cliath Theas le linn an phróiseas comhairliúcháin don phlean seo. I measc na dtosaíochtaí is mó tá:

- cóiríocht le haghaidh daoine gan dídean,
- tithe a thógáil, agus
- pobail a thógáil ina gcruthaítear timpeallacht shábháilte do chách, ina fheabhsaítear saol na ndaoine agus ina gcruthaítear anamúlacht uirbeach.

Cuireadh béim láidir freisin ar:

- riachtanais na ndaoine scothaosta agus na leanaí agus
- ar eisiamh sóisialta a chosc go gníomhach

Le clár mór tógála tithíochta atá ar bun chomh maith leis an fhorbairt atá beartaithe i gcriosanna straitéiseacha forbartha Bhaile Ádhaimh agus Chluain Buiríosa beidh deiseanna ann leis an gcleachtas is fearr a fhorbairt le pobail shábháilte inbhuanaithe a chruthú. Léiríonn leathnú leanúnach Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí agus an cur chuige nuálach i leith na forbartha inbhuanaithe ar nós an clár téamh ceantair go bhfuil an Chomhairle ag obair le hinfheistíocht a ghiaráil le deiseanna breise eacnamaíocha a chruthú sa chontae. Cuirfear soláthar teasa ísealcharbóin ar fáil le clár téamh dúiche do chustaiméirí i dTamhlacht.

Tá ról fíorthábhachtach ag an gComhairle chomh maith le feabhas a chur ar an gcaidreamh oibre comhtháite idir pobail áitiúla agus soláthaithe seirbhísí. Déanaimid é seo mar bhall de Choiste Forbartha na bPobal Áitiúil agus lenár dtacaíocht do sheachadadh an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.

### Dul chun cinn na teicneolaíochta

Tá éifeachtacht agus éifeachtúlacht seachadadh ár seirbhísí feabhsaithe go mór le forbairtí teicneolaíocha. Mar shampla, is féidir linn glacadh le híocaíochtaí leictreonacha agus iad a dhéanamh, tá ár bpróisis inmheánacha feabhsaithe, agus tá níos mó deiseanna rannpháirtíochta againn le saoránaigh.

Leis an teicneolaíocht d'éirigh linn ár gcórais a fheabhsú sna réimsí seo:

- Bainistíocht agus cothabháil tithíochta
- earcaíocht, agus
- seirbhísí leabharlainne

Chabhraigh na feabhsúcháin seo sna córais linn cleachtais oibre a athrú agus torthaí a fheabhsú d'úsáideoirí na seirbhísí. Beidh athruithe á ndéanamh go leanúnach againn i dteicneolaíocht i réimsí eile le tacú le seachadadh digiteach seirbhísí.

Baineann bagairtí cibearshlándála leis an teicneolaíocht chomh maith áfach. Ní mór dúinn acmhainní agus inniúlacht a mhéadú le maolú éifeachtúil a dhéanamh ar an riosca seo.

### Saincheisteanna comhshaoil

Beidh tionchar suntasach ag seachadadh Phlean Gníomhaíochta na Comhairle um Athrú Aeráide ar ghníomhaíochta uile na Comhairle le tacú leis na spriocanna athrú aeráide a bhaint amach. Tá



Tallaght - Council Chambers

curtha go mór ag an gComhairle lena hacmhainn chun freagairt go pras éifeachtúil d'imeachtaí drochaimsire.

Mar údarás áitiúil, tá comhaontú leibhéal seirbhíse againn le hUisce Éireann faoi Acht na Seirbhísí Uisce (Uimh 2) 2013. Ciallaíonn sé seo go leanann an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar seirbhís uisce, ach faoi mhaoirseacht agus faoi bhainistíocht Uisce Éireann. Is mór an t-athrú é seo ar an gcaoi a raibh seirbhísí uisce á soláthar, agus beidh bainistíocht chúramach de dhíth le linn saolré an phlean chorparáidigh seo.

Lenár rannpháirtíocht i bPlean Bainistíocht Dramhaíle Réigiúnach Lár Tíre 2015 - 2021 beimid ag obair le dramhaíl a laghdú, gníomhaíocht athchúrsála a mhéadú, agus líonadh talún a laghdú tuilleadh.  Tá dul chun cinn mór déanta le cúig bliana anuas maidir le Glasbhealach na Mórchanálach, clár athsholáthar soilsiú poiblí LED, cruthú agus cothabháil ceantair bithéagsúlachta (ceantair le hainmhithe agus plandaí éagsúla), tábhachtach mar ghnóthacháin le cúig bliana anuas. Léiríonn siad seo toil agus cumas na Comhairle tacú le córais agus cleachtais nua a chuireann leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil.

### Rialachas

Tugann an Chomhairle tacaíocht don fhócas méadaithe atá ar oscailteacht, cuntasacht agus trédhearcacht.  Déanaimid é seo trí ghlacadh le prionsabail chuimsitheacha agus creat rialachais (lena n-áirítear treoirlínte) don earnáil. Is faoi threoir na dtreoirlínte dea-chleachtais seo a dhéanaimid beartais agus acmhainní múscailt feasachta a fhorbairt. Tá treoirlínte dea-chleachtais le feiceáil mar a leanas:

- ár gCóid Iompair do chomhaltaí tofa agus do bhaill foirne,
- beartas frithchamaistíle agus frithéillithe, agus beartas um nochtú cosanta,
- oibriú an Chód Trédhearcachta faoin Acht um Bhrústocaireacht 2015,
- comhlíonadh an Chreat Eitice reachtúil, agus
- foilsiú speansas agus liúntas na gcomhaltaí tofa.

### Eagraíocht Inmheánach

Tar éis gur deireadh leis an mbac ar earcaíocht san earnáil seirbhíse phoiblí in 2015 do na húdaráis áitiúla, tá athruithe suntasacha déanta ag an gComhairle ar lucht foirne . San achar ama sin, chuaigh 38% den fhórsa oibre ar scor nó d'éirigh siad as; tugadh ardú céime do 38%, agus is fostaithe nua iad 45%. Cruthaíonn na hathruithe seo dúshláin maidir le:

- seachadadh leanúnach seirbhísí,
- bainistiú foirne,
- bainistiú eolais,
- foghlaim agus forbairt, agus
- pleanáil chomharbais (ceannairí nua a aithint agus a fhorbairt).

Tá an eagraíocht ag obair go dian le freagairt do na dúshláin seo le Straitéis Daoine, (plean acmhainní daonna don tSeirbhís Phoiblí) a chur i bhfeidhm agus pleanáil don fhórsa oibre a dhéanamh.  Tá feabhsúcháin mhóra déanta ar chumarsáid inmheánach, ar fhoghlaim agus forbairt, agus ar bhainistiú feidhmíochta. Tá tús le cur le hinfheistíocht inár n-iostaí le héifeachtúlacht oibriúcháin a chruthú agus an timpeallacht oibre a fheabhsú go mór don bhfoireann atá bunaithe in iostaí.

### Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse agus Seirbhísí Comhroinnte

Tá comhaontuithe éagsúla déanta ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas le húdaráis áitiúla eile le coigilt agus éifeachtúlacht shuntasacht a dhéanamh agus le cur lenár gcumas chun samhail seirbhísí níos straitéisí agus níos spriocdhírithe a sheachadadh dár bpobail áitiúla. Is conarthaí idir údaráis áitiúla agus comhlacht poiblí eile iad 'comhaontuithe leibhéal seirbhíse' mar a ndéanann an t-údarás áitiúil an obair, ach go ndéanann an comhlacht eile bainistiú uirthi. Tá sampla sa liosta thíos.

Is ionann 'seirbhís chomhroinnte' agus obair a thabhairt d'údarás áitiúil eile nó do bhrainse den tSeirbhís Phoiblí a thugann aire don obair chéanna do roinnt údarás áitiúil, ar mhaithe le héifeachtúlacht costais.

Tá comhaontaithe oibre againn mar a leanas:

- Acmhainní Daonna agus aoisliúntais (gnóthaí pinsin) seirbhís chomhroinnte náisiúnta
- comhaontú leibhéal seirbhíse Uisce Éireann
- Seirbhíse comhroinnte le haghaidh feidhmeanna soláthair le Comhairle Contae Chiarraí, a fheidhmíonn mar Lárionad Oibriúcháin Soláthair Rialtais Áitiúil (LGOPC) do na húdaráis áitiúla
- seirbhísí comhroinnte leabharlanna poiblí
- Comhaontú seirbhísí comhroinnte Voter.ie le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fud údaráis áitiúla Átha Cliath.
- Fixyourstreet.ie seirbhís chomhroinnte náisiúnta faoi óstáil an údaráis áitiúil seo
- Feidhmeannas Daoine gan Dídean Réigiún Átha Cliath, seirbhís comhroinnte arna oibriú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Seirbhísí Dóiteáin/Otharcharr/Chosaint Shibhialta á bhainistiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do réigiún Bhaile Átha Cliath
- Comhaontú le hOifig Réigiúnach Gníomhú Aeráide Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Comhaontú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar Phríomh-Údarás Forfheidhmithe Dramhaíle Lár Tíre Thoir
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag gníomhú thar ceann cheithre údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath sa phríomh-chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach le Covanta ar Thionscadal Teoranta Dramhaíl go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath
- Comhaontú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dhéanann óstáil ar Oifig Bhainistíocht Dramhaíle Réigiúna Lár Tíre Thoir thar ceann na n-údarás áitiúla sa réigiún.
- Comhaontú le Comhairle Contae Uíbh Fhailí maidir leis an Oifig Náisiúnta Ceadúnaithe do Bhailiúcháin Dramhaíle
- Comhaontú leibhéal seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann


Celebrating at the Happy Pear One Year Anniversary in Clondalkin



Tallaght Stadium

# Téamaí, cuspóirí agus straitéisí ardleibhéil

**Tá cúig théama ardleibhéil ag ár bplean, a fhreagraíonn dár réimsí seirbhísí.**



| | |
|---|---|
| 1. Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta agus Turasóireachta | Ich 22 |
| 2. Talamhúiséid, pleanáil agus iompar | Ich 24 |
| 3. Tithíocht, forbairt shóisialta agus phobail | Ich 25 |
| 4. Comhshaol, uisce agus athrú aeráide | Ich 27 |
| 5. Cumas eagrúcháin agus cuntasachta | Ich 29 |



Cuirimid gach téama i láthair ar a sheal, maraon leis na cuspóirí a ghabhann leo. Léiríonn na pointí urchair faoi gach cuspóir na gníomhartha straitéiseacha atá riachtanach lena mbaint amach.

## 1.Forbairt eacnamaíochta, fiontraíochta agus turasóireachta

### Cuspóir 1: Timpeallacht thacúil gnó a chothabháil

- An Straitéis Fiontraíochta reatha a imeascadh agus a fheidhmiú go leanúnach i gcomhar le Plean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus le gné eacnamaíoch an Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil.
- An Oifig Fiontraíochta Áitiúil a chomhdhlúthú mar shiopa céad chéime le haghaidh gach gníomhaíochta gnó agus fiontraíochta gaolta sa Chontae.
- Clár an Chiste Tacaíochta Gnó leathnaithe atá aontaithe ag an gcoiste polasaí straitéiseach eacnamaíochta, fiontraíochta agus forbairt turasóireachta a thosú agus a chur i bhfeidhm, ag tógáil ar na tionscadail agus na tacaí aonaid éagsúla atá i bpáirceanna gnó an Chontae.
- Leanúint leis an gcomhpháirtíocht le Comhlachas Átha Cliath Theas agus le leasanna gnó eile chun feidhm tacaíochta agus comhairleach gnó a ullmhú agus a fheidhmiú ar fud an chontae, lena n-áirítear plean margaíochta agus poiblíochta gnó don leathadh amach.
- Leanúint leis an tacaíocht do chleachtas agus do dheiseanna inbhuanaithe gnó de réir phrionsabal an 'Bhunlíne Triarach' agus Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide an Chontae.
- Tógáil ar an spéis mhéadaithe i Scéim Deontais na nAghaidheanna Siopa ionas go mbeidh níos mó glacadh leis na tacaí atá á dtairiscint d'fhonn tionchar na scéime ar shráid-dhreach an Chontae a uasmhéadú.
- Ionad nuálaíochta/fiontraíochta bunaithe i dTamhlacht a chur chun cinn agus a sheachadadh.

### Cuspóir 2: Tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrannach sa Chontae agus í a mhéadú.

- I gcomhar le IDA Éireann agus Fiontraíocht Éireann, bainistíocht agus cothú a dhéanamh ar Pháirc Ghnó Idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí d'fhonn tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach reatha agus le gnó dúchasach agus breis infheistíochta a fháil.
- Obair le cliaint atá ag forbairt tionscadal faoi láthair i bPáirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí le críochnú pras a éascú agus foirgnimh nua a choimisiúnú.
- Bonneagar lárnach an pháirc ghnó a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear an tríú bealach isteach ar Bhóthar Nangair agus feabhsú pháirc agus conláistí an Chaisleáin.
- 500 acra forbartha na páirce gnó a chomhdhlúthú agus a athscrúdú a dhéanamh ar spás oifige tráchtála le súil le suíomh suntasach 20 acra (nó mar sin) a thabhairt chun margaidh go luath.
- Bóithre agus seirbhísí a sheachadadh chuig an 500 acra breise ag Caisleán na Gráinsí Thiar agus margaíocht ghníomhach a dhéanamh ar infhaighteacht suíomh do chliaint a chruthóidh fostaíocht.

### Cuspóir 3: Acmhainní an Údaráis Áitiúil a bhainistiú ar bhealach a thacóidh go hiomlán le Forbairt Eacnamaíoch

- Córas comhtháite bainistiú maoine a chur chun cinn go leanúnach, ina gcuimsítear clár maoine agus clár acmhainní a chumasóidh bainistíocht ghníomhach ar acmhainní maoine atá i seilbh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.
- An Ceathrú Seastán a sholáthar ag Staid Thamhlachta.
- Fairsingiú breise a dhéanamh ar na roghanna forbartha do Staid Thamhlachta le haghaidh imeachtaí spóirt agus eile.
- Straitéis nua fógraíochta tráchtála, margaíochta agus brandála a fhorbairt (lena n-áirítear formáid

dhigiteacha), don Staid agus iad a sheachadadh i gceantair oiriúnacha sa Chontae.

An Straitéis Dhigiteach áitiúil a fhorbairt agus a fheidhmiú, ag tógáil ar an Straitéis Náisiúnta Leathanbhanda.

### Cuspóir 4: Cion na nEalaíon, na Leabharlanna, na hOidhreachta agus na Gaeilge a uasmhéadú don saoránach agus don chuairteoir

- Cláir Ealaíon, Chultúrtha agus Forbairt Leabharlanna na Comhairle a fheidhmiú mar sheirbhísí poiblí agus mar rannpháirtithe suntasacha san fhás agus san fhorbairt eacnamaíoch.
- Obair leis na páirtithe leasmhara ábhartha le stádas Líonra Gaeilge a bhaint amach do Chluain Dolcáin.
- Tógáil ar an gclár reatha le comhtháthú breise a dhéanamh idir imeachtaí agus gníomhaíochta san Amharclann Cathrach, Rua Red agus i Leabharlann an Chontae mar Cheathrú Cultúrtha don Chontae.
- Leabharlanna nua a sholáthar i gCluain Dolcáin Thuaidh agus i gCaisleán Tigh Mocháin agus oibriú éifeachtúil a chinntiú dóibh i gcomhar leis an bpobal áitiúil.
- Leanúint le soláthar seirbhís leabharlainne sna ceantair atá ag forbairt in iarthar an chontae ag Ráth Cúil mar atá aontaithe leis na comhaltaí, i gcomhar le forbairtí tithíochta molta ar thailte na Comhairle.
- Leanúint le feidhmiú Chlár Forbartha Leabharlanna Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas don tréimhse 2018 - 2022, lena n-áirítear ballraíocht leabharlanna a chur chun cinn sa Chontae.
- Cláir Éire Shláintiúil, Ceart chun Léitheoireachta agus Tábhacht na hOibre a chur i bhfeidhm de réir na Straitéisí Náisiúnta.
- Leanúint ar aghaidh le Plean Píolótach 'Bréagáin, Teicneolaíocht agus Oiliúint' mar chuid den fhócas géaraithe ar TFC agus deiseanna dóibh siúd a bhfuil tuilleadh tacaí de dhíth orthu.
- Spéis sa Cheart chun Léitheoireachta, ábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) agus foghlaim dhigiteach le cúnamh Deontais Rialtais a chothú.

### Cuspóir 5: Straitéis Turasóireachta dírithe ar tháirge agus branda nua a fhorbairt

• Breis dul chun cinn ar fheidhmiú na Straitéise Turasóireachta lena n-áirítear na tionscadail agus na staidéir turasóireachta a leanas:

  - Ionad Chloigtheach Chluain Dolcáin - tógáil ar an rath atá air ó osclaíodh é
  - An tionscadal turasóireachta ag Clós agus tithe lasmuigh Chaisleán Ráth Fearnáin a chur chun cinn agus a sheachadadh
  - Maoiniú do Ghlasbhealach na Mórchanálach (Cuid 8 faofa) agus don Lúb Canálach atá molta a aimsiú i gcomhar le hUiscebhealaí Intíre agus Údaráis sa chomharsanacht
  - Tionscadal Suaitheanta Sléibhte Átha Cliath a chur chun cinn agus a sheachadadh faoi réir ag pleanáil.

- Aitheantas agus poiblíocht leanúnach a thabhairt d'imeachtaí agus d'fhéilte.
- Deiseana ar imeall Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go leanúnach, agus tacú le hoibritheoirí áitiúla lena n-áirítear óstáin agus lucht eagraithe gníomhaíochtaí agus imeachtaí.

• Caidreamh oibre dearfa a choineáil trí Ghrúpa Oibre Turasóireachta Átha Cliath le Fáilte Éireann le cumas Thionscadal Turasóireachta "Grow Dublin" agus coincheap margaíochta "Dublin-surprising by nature" a sheachadadh.

- An aip aistriúcháin do shiúlóidí oidhreachta ar fud an chontae (a trialadh i gCluain Dolcáin) a leathnú amach.

### 2. Talamhúsáid, pleanáil agus iompar

### Cuspóir 1: Pleanáil staitéiseach ar son fáis atá seasmhach dlúth

- Plean Forbartha an Chontae a leasú le freastal ar riachtanais daonra atá ag fás agus aeráide atá ag athrú.
- Pleanáil agus cumasú a dhéanamh do sheachadadh bonneagair a thacóidh le Plean Forbartha an Chontae
- Iompar inbhuanaitheach a chothú agus úsáid iompair phoiblí a spreagadh
- Próiseas láidir forbairt bhainistíochta a chinntiú chun an feidhmiú is fearr a dhéanamh ar an bpolasaí pleanála ón leibhéal náisiúnta go dtí an leibhéal áitiúil.
- Pleanáil ar son soláthar scoileanna ar fud an chontae.
- Bainistíocht onnghníomhach a dhéanamh ar thalamh neamhúsáidte sa chontae ar son tithe a sheachadadh.
- Pleanáil a dhéanamh ar son ár mbithéagsúlachta agus í a chur chun cinn.

### Cuspóir 2: Áiteanna a cheangal trí thionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe

- Líonra nua feabhsaithe de bhóithre, agus nascanna rothaíochta agus coisithe a sheachadadh.
- Líonra sábháilte de bhóithe, de shoilse poiblí, de chomharthaí tráchta agus de bhonneagar droichid a sholáthar agus cothabháil mhaith a dhéanamh air.
- Bainistíocht tráchta a fheabhsú.
- Treochomharthaíocht agus comharthaíoche eile a fheabhsú ar fud an chontae.
- Sábháilteacht bóithre a chur chun cinn.

### Cuspóir 3: Braistint phobail a chothú sa timpeallacht thógtha sna háiteanna éagsúla atá i mBaile Átha Cliath Theas.

- Pleanáil agus comhordú a dhéanamh ar son seachadadh ar fud tailte athnuachana an chontae (Criosanna Forbartha Straitéiseacha agus Pleananna Ceantair Áitiúla).
- Dearadh áit-shonraithe agus treoir fhorbartha a chur chun cinn.
- Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa phróiseas pleanála agus i bhforbairt tionscadail soghluaisteachta.
- Líonra de shráidbhailte agus de lárionaid bhríomhara ceantair a chur chun cinn ar fud an chontae.
- Seachadadh rathúil a dhéanamh ar thionscadail an Chiste Gníomhachtú Bonneagar Tithíochta d'fhonn tógáil tithe nua a chumasú.
- Seachadadh leanúnach a dhéanamh ar an gclár uasghrádaithe LED ar fud an chontae. [Soilsiú a úsáideann i bhfad níos lú fuinnimh]
- Tionscadail caomhnaithe ailtireachta a sheachadadh lenár n-oidhreacht ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú.
- Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thógáil i gcúram eastáit nua tithíochta agus bóithre.
- Oibriúcháin éifeachtúla a chinntiú i mbainistíocht ár bhfeidhmeanna ceadúnú rialála, éilimh agus forfheidhmiúcháin.



Kiltipper Park

### 3. Tithíocht, forbairt shóisialta agus phobail

**Cuspóir 1: Tithíocht inacmhainne d'ardchaighdeán a sheachadadh ar fud an chontae le freastal ar riachtanas tithíochta**

- Réimse d'fhorbairtí tithíochta a bheidh oiriúnach d'ioncaim mheasctha a chur chun cinn ar ár dtalamh atá criosaithe don tithíocht.
- Deiseanna tógála tithíochta sóisialta a fhiosrú agus a chur cinn ar mhaithe le:
  - freastal ar riachtanais tithíochta daoine gan dídean,
  - soláthar oiriúnach tithíochta a chinntiú do dhaoine míchumasacha
  - cóiríocht do dhaoine scothaosta a sheachadadh sna láithreacha is oiriúnaí.
- Ár gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024 a chur i bhfeidhm.
- Comhpháirtíochtaí leis na Comhlachtaí Tithíochta Faofa agus leis an earnáil phríobháideach a úsáid le seachadadh tithíochta ar cíos agus le ceannach a uasmhéadú.
- Seachadadh tithíochta a dhéanamh de réir:
- Measúnú Éilimh Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath ar Riachtanas Tithíochta
- An cleachtas is fearr agus an nuálaíocht i bhfeidhmíocht tógála agus fuinneamh baile
- Tógáil inbhuanaithe ionchuimsitheach pobail

**Cuspóir 2: Bainistíocht tithíochta optamach nuálaíoch a sholáthar, chomh maith le tacaí agus rialachán ar son tionachtaí, tionóntachtaí agus eastáit níos fearr**

- Leanúint le straitéisí coisc, cosanta agus forchéimnithe do dhaoine gan dídean.
- An córas comhtháite tithíochta ar líne a úsáid le seirbhís chustaiméirí, bainistiú stoic agus éifeachtúlacht eagrúcháin a uasmhéadú.
- Straitéis coigeartú méide bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise a oibriú do dhaoine scothaosta i dtithíocht thearchónaithe i gcomhar le polasaí leasaithe aistriú tithíochta.
- Infheistiú i gcothabháil phleanáilte agus in éifeachtúlacht fuinnimh ár stoc tithíochta.
- Tacaí agus idirghabhálacha fócasaithe a sholáthar do bhainistiú eastáit.
- Scéimeanna tithíochta inacmhainne agus iasachtaí a fheidhmiú de réir an pholasaí náisiúnta.
- Tacú le tionóntachtaí príobháideacha ar cíos trí chigireacht agus Íocaíochta Cúnamh Tithíochta.

**Cuspóir 3: Tograí ionchuimsithe, comhionnanais agus idirghníomhaireachta a threorú ar son pobail chomhdhlúite le nascanna sóisialta.**

- Cláir ionchuimsithe sóisialta agus cláir imeasctha imirceach a fheidhmiú.
- Raon na dtograí Aois-bháúla a fheabhsú ar mhaithe le tionchar inbhraite a bheith againn ar dhaoine scothaosta trí Straitéis Contae Aois-bháúil nua a fhorbairt agus a fheidhmiú.
- Pobail níos sábháilte a chothú tríd an Comhchoiste Póilíneachta agus Fóraim Áitiúla Póilíneachta i gcomhpháirtíocht leis An Garda Síochána agus dul i ngleic le hiompraíocht fhrithshóisialta sna heastáit tithíochta.
- An tacaíocht dár bpobail tuaithe agus ár n-dirghabháil leo a uasmhéadú, lena n-áirítear trí LEADER. (Is clár náisiúnta é LEADER ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a thugann tacaíocht do phobail tuaithe agus do ghnólachtai áitiúla)
- Tacú le daoine óga agus leanaí trí obair CYPSC (Coistí Seirbhísí Leanaí agus Doaine Óga) agus Comhairle na nÓg (comhairle óige a thugann guth do dhaoine óga, faoi 18 mbliana d'aois, maidir le seirbhísí agus beartais áitiúla).
- Cláir scileanna agus tacaí oiriúnacha a sheachadadh don Lucht Siúil.
- Comhionnanas rochtana agus seirbhíse a chur chun cinn do chách.

**Cuspóir 4: Contae sláintiúil, gníomhach rannpháirtíoch a threorú.**

- Tionchar dearfa a imirt ar chaighdeán na beatha trí fhorbairt phobail, sláinte, folláine, siamsaíocht agus gníomhaíocht a threorú agus a chur chun cinn.
- Ardán cinnireachta d'fhorbairt an phobail a dhéanamh as an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil sa chontae.
- Sainmhíniú nua a thabhairt dár gcuspóirí trí chomhairliúchán agus athnuachan ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail mar phlean fuinniúil feidhmíochta.
- Tionchar na n-ionad agus na ngrúpaí pobail a uasmhéadú le deontais agus imeachtaí.
- Creat sláintiúil contae a threorú atá ag teacht le téamaí Átha Cliath Theas sláintiúil ar son feabhsúcháin sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte.
- Tacú lenár gclár comhoibritheach sláinte agus folláine d'fhonn feasacht sláinte an phobail a mhéadú ar fud ár stiúrthóireachtaí agus ár bhfeidhmeanna.
- Plean spóirt contae a fhorbairt le cothú, rannpháirtíocht forbartha, ionchuimsiú agus litearthacht fhisiciúil a uasmhéadú.
- Raon agus úsáid na spórt agus na n-áiseanna pobail a uasmhéadú.


Tymon Park

### 4. Comhshaol, uisce agus athrú aeráide

#### Cuspóir 1: Contae inbhuanaithe acmhainneach ó thaobh carbóin íseal agus aeráide a chruthú

- Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide 2019-2024 a sheachadadh.
- Obair le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astuithe gáis ceaptha teasa i bhfoirgnimh agus in oibriúcháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a laghdú.
- Ár dtiomantas faoin gCairt Gníomhaíochta Aeráide do Údaráis Áitiúla a chomhlíonadh
- Tacú leis an Oifig Réigiúnach Gníomhú Aeráide agus obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath leis na Pleananna Gníomhú Aeráide a sheachadadh.
- Acmhainneacht an Chontae a fheabhsú trí scéimeanna maolú tuile a sheachadadh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí.
- Clár feabhsúcháin atá beartaithe don líonra uisce dromchla agus Córais Chomhtháite Inbhuanaithe Draenála a fheidhmiú don bheannagar uisce stoirme le tabhairt faoi thuilte.
- An creat pleanála móréigeandála a fheidhmiú le tabhairt faoi stoirmeacha agus imeachtaí eile agus an contae a dhéanamh níos seasmhaí.
- Teagmháil a dhéanamh leis pobail agus le gnólachtaí le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa (ar nós dé-ocsaíd charbóin agus meatáin) a laghdú ar fud an chontae agus úsáid fuinneamh inathnuaite a mhéadú.
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus gníomhaíocht aeráide a ghlacadh mar phrionsabal agus polasaithe á gcruthú agus cláir á bhfeidhmiú.
- Cothabháil a dhéanamh ar ár bhflít agus clár dícharbónaithe a fheidhmiú d'fheithiclí agus do ghléasra.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ospidéal na hOllscoile Tamhlacht agus seirbhísí rialtais d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus spriocanna éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Ceannaireacht agus oiliúint a sholáthar do phobail agus do ghnólachtaí le scileanna a fhorbairt, foghlaim a chur chun cinn agus eolas a scaipeadh faoi athrú aeráide agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

#### Cuspóir 2: Dreach aesteitiúil ár gContae a fheabhsú ar mhaithe leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta

- An Plean Bainistiú Bruscair 2020-2024 a fheidhmiú.
- A bheith rannpháirteach sa Chóras Náisiúnta Faireachais ar Thruailliú Bruscair.
- Cláir feasachta comhshaoil a sheachadadh chuig pobail agus gnólachtaí agus tacú le tograí Bailte Slachtmhara agus PURE (Cosaint Ardtailte agus Timpeallachtaí Tuaithe - tionscadal comhshaoil a bunaíodh le cur in aghaidh dhumpáil mhídhleathach / diúscairt mhídhleathach in ardtailte Chill Mhantáin/Bhaile Átha Cliath).
- Clár sceidealaithe glanadh sráideanna a bhainistiú agus a fheidhmiú.
- Clár oibreacha cothabhála agus feabhsaithe pleanáilte don réim phoiblí a fheidhmiú.
- Plean feabhsú radhairc don réim phoiblí do bhóithre isteach sa chontae a fheidhmiú.
- An straitéis bainistiú crann a athbhreithniú agus a fheidhmiú. An clár ilbhliana reatha do bhainistíocht crann a sheachadadh agus crainn chontúirteacha a bhaint amach más gá.
- Straitéis na nIonad Adhlactha a bhainistiú agus a fheidhmiú.
- Clár (Liosta) na Láithreán Dearóla a chothabháil agus forálacha an Acht um Láithreáin Dhearóla agus Acht na Seirbhísí Sláintíochta a fheidhmiú maidir le foirgnimh dhearóla, chontúirteacha nó neamhshealbhaithe.

#### Cuspóir 3: Tacú le Líonra Bonneagair Glas ar fud an chontae d'fhonn spás comhroinnte a sholáthar le haghaidh fóillíochta, siamsaíochta, cosaint bithéagsúlachta, bainistíocht tuilte agus oiriúnú d'athrú aeráide.

- Straitéis bhonneagair ghlas a fhorbairt don chontae. (Cuirfidh sé seo feabhas ar an gcomhshaol).
- Rochtain ar an dúlra agus ar spásanna glasa, agus deiseanna imeartha, agus siamsaíochta gníomhaí a chur chun cinn.
- Straitéis páirceanna agus spás oscailte a fhorbairt don chontae.
- Straitéis a sheachadadh le haghaidh páirceanna imeartha agus na moltaí a fheidhmiú.
- Bainistíocht a dhéanamh ar ár bpáirceanna agus ár spásanna oscailte ar mhaithe lena n-acmhainní éiceolaíocha a chosaint agus cothromaíocht inbhuanaithe a sholáthar idir áineas gníomhach agus neamhghníomhach.
- Tacú le forbairt inbhuanaithe na nglasbhealach agus na ngormbhealach agus ceangail a sholáthar idir bealaí spaisteoireachta agus rothaíochta.
- Áiseanna breise áineasa agus spóirt a fhorbairt i bpáirceanna agus i spásanna oscailte.
- Bonneagar glas (ar nós páirceanna) a sheachadadh trí Thionscadal Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath.
- Leanúint ar aghaidh le leathnú amach na scéimeanna cuibhrinn (gairdíní pobail) ar fud an chontae.
- Gníomhaíochtaí a fheidhmiú de réir an Phlean uile-Éireann um Pailneoirí. (Plean é seo le timpeallacht a chruthú ina mbeidh rath ar bheatha beacha agus ar fheithidí eile a dhéanann pailniú).
- Ceannbhrat na gcrann sa chontae a mhéadú trí fheidhmiú leanúnach an chláir phlandála agus athsholáthair crann.
- Tacú le seachadadh Straitéis Turasóireachta Átha Cliath Theas.
- Tacú le polasaithe agus cuspóirí d'fhonn an bhithéagsúlacht a chosaint faoin tuath agus sna ceantair uirbeacha.

#### Cuspóir 4: Bainistiú a dhéanamh ar riachtanais Rialacháin, Ceadúnaithe agus Forfheidhmithe, lena n-áirítear Comhaontaithe Leibhéil Seirbhíse

- Seirbhísí forfheidhmiú dramhaíle agus bruscair a sheachadadh d'fhonn caighdeáin arda sheasmhacha glaineachta a chinntiú sa Chontae.
- Obair leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar gach gné de cheadúnú dramhaíle agus Plean Cigireachta Comhshaol bliantúil an Chontae a aontú agus a sheachadadh.
- Bainistiú a dhéanamh ar thosaíochtaí bliantúla cosc, bainistíochta agus forfheidhmithe dramhaíle.
- Obair le spriocanna bainistiú dramhaíle, agus deiseanna ciorclacha Phlean Bainistiú Dramhaíle Réigiún Lár Tíre Thoir a bhaint amach.
- Áiseanna dramhaíle agus gníomhaíochtaí bainistíocht dramhaíle na comhairle a bhainistiú de réir na gceadúnas dramhaíle agus na reachtaíochta.
- Comhlíonadh a riaradh agus faireachán a dhéanamh faoin reachtaíocht um rialú capall agus madraí.
- Comhaontú leibhéal seirbhísí na comhairle a fheidhmiú i gcomhaontú hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Pleananna bliantúla seirbhíse i seirbhísí uisce óil agus dramhuisce a sheachadadh mar ghníomhairí do Uisce Éireann faoin gcomhaontú leibhéal seirbhísí.
- Clár na mbeart a eascraíonn as Plean Bainistíocht Abhantraí 2018-2021 a fheidhmiú. (Plean gníomhaíochta is ea é seo atá á leanúint ag Éirinn le caighdeán an uisce a fheabhsú agus dea-stádas uisce in aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta a bhaint amach).
- Tacú le seachadadh Seirbhísí Éigeandála agus Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.
- Plean Gníomhaíochta Torainn Bhaile Átha Cliath 2019-2023 a chur i bhfeidhm.
- Faireachán ar chaighdeán an aer sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú.

**5. Cumas agus cuntasacht eagrúcháin**

**Cuspóir 1: Tacú le ról polasaí agus cinnireachta na gcomhairleoirí le rialtas áitiúil éifeachtúil a sholáthar.**

- Tacú le ról cinnireachta an Mhéara mar chéad shaoránach chontae Átha Cliath Theas.
- A chinntiú go mbíonn freastal agus bainistiú ceart ar gach cruinniú Comhairle de réir na riachtanas reachtúla agus go mbeidh iad oscailte trédhearcach.
- A chinntiú go mbeidh oiliúint imleor ar fáil do na comhairleoirí.
- Tacú leis an gcóras toghcháin agus le ceart vótála na saoránach.

**Cuspóir 2: Seirbhísí d'ardchaighdeán a sheachadadh agus caitheamh le gach úsáideoir seirbhísí le dínit, le meas agus le comhionnanas.**

- Samhail seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt a bhainfidh lánúsáid as soláthar digiteach seirbhísí mar mhodh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun seirbhísí a sheachadadh agus rochtain agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt Custaiméara gach trí bliana nó nuair a dhéantar athruithe suntasascha i soláthar seirbhísí.
- Creat Cearta Daonna agus Comhionnanais a fhorbairt agus forbairtí agus gnóthachain a thuairisciú.
- An Clár Bainistíochta agus Cothabhála Áiseanna a sheachadadh d'fhonn spriocanna athrú aeráide a bhaint amach, foirgnimh inrochtana poiblí agus timpeallachtaí fabhracha oibre a sholáthar.

**Cuspóir 3: Cultúr láidir rialachais a chothú san eagraíocht.**

- Na prionsabail agus an creat rialachais a chur chun cinn le cinntiú go dtuigeann na comhairleoirí, an bhainistíocht shinsir agus lucht foirne a ndualgais, a ról agus a bhfreagrachtaí agus go mbíonn na struchtúir agus na rialuithe ag oibriú go maith.
- Creat feidhmíochta agus ráthaithe a fhorbairt agus a fheidhmiú mar thaca do sheachadadh an phlean chorparáidigh, ag úsáid comhéadain dhigiteacha (córas bainistíochta faisnéis radhairc le faisnéis a rianú agus a anailísiú ó fhoinsí éagsúla).
- An cleachtas soláthair (ceannach) is fearr is féidir a chinntiú agus luach ar airgead a chinntiú i ngach caiteachas.
- Rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar shonraí atá i seilbh na Comhairle a bhainistiú agus a chumasú le haird ar phrionsabail cosanta sonraí agus an leas poiblí.

**Cuspóir 4: Muinín an phobail a neartú trí chumarsáid éifeachtúil agus idirghabháil leis na saoránaigh.**

- Nósanna imeachtaí éifeachtúla comhairliúcháin a sholáthar mar thaca do dhéanamh polasaí agus d'fhorbairt an bhonneagair.
- Tograí rannpháirtíochta a fhorbairt d'fhonn rannpháirtíocht an phobail a mhéadú agus an cumas cathartha a thógáil.
- Feachtais caidrimh phoiblí a fhorbairt le gnóthachain chorparáideacha a fhógairt agus feasacht a mhéadú faoi ról agus obair na Comhairle.
- An cleachtas is fearr a fhorbairt i rialachas digiteach cumarsáide le teachtaireachtaí a sheachadadh a thacóidh le spriocanna straitéiseacha agus le feabhsú na trédhearcachta.
- Scéim chorparáideach na Gaeilge a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Ár dtreoirlínte branda a chur chun cinn, a fheidhmiú agus faireachán a dheanamh orthu lenár bpróifíl phoiblí ardú

**Cuspóir 5: Cumas eagrúcháin a fhorbairt le tacú go gníomhach le seachadadh chuspóirí an Phlean Corparáidigh agus chlár athchóirithe an rialtais áitiúil.**

- Riachtanais fhórsa oibre na heagraíochta a phleanáil agus a sheachadadh.
- A bheith ina roghafhostóir.
- Cultúr feabhsúchán, foghlama agus forbartha leanúnach a chruthú.
- An chumhacht agus an cumas a thabhairt dár mbainisteoirí agus dár maoirseoirí le bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar fheidhmíocht agus an fhoireann a fhorbairt.
- Caidreamh agus rannpháirtíocht dhearfa a spreagadh le fostaithe.
- Timpeallacht chothrom, thacúil, shláintiúil oibre a chruthú.

**Cuspóir 6: An úsáid a bhaineann an Chomhairle as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur chun cinn le tograí slána, nua-aimseartha cliste a éascóidh seachadadh agus torthaí níos fearr ar sheirbhísí**

- Plean straitéise TCF (Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise) a ullmhú don eagraíocht don tréimhse 2020-2024.
- Cothabháil na cibearshlándála a athbhreithniú go leanúnach agus a chinntiú go bhfreagróimid go honnghníomhach agus go frithghníomhach do bhagairtí a thiocfaidh chun cinn.
- A chinntiú go mbíonn ár mbonneagar TCF agus na seirbhísí tacaíochta suas chun dáta i gcónaí.
- Teicneolaíochtaí néalríomhaireachta a úsáid lenár gcur chuige i leith na hoibre a nuachóiriú.
- Úsáid na faisnéise geografaí agus teicneolaíochtaí gaolmhara a leathnú amach i bpróisis ghnó le feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí agus costas a laghdú.
- Modhanna nua-aimseartha cumarsáide a sholáthar sa láthair oibre agus iad a chur ar fáil do gach ball foirne.
- Raon na seirbhísí atá ar fáil uainn ar líne a leathnú go leanúnach.
- Cumas comhéadain a fhorbairt ar mhaithe le faireachán agus tuairisciú feidhmíochta. (Tabharfaidh sé seo forléargas láithreach dúinn ar cé chomh maith agus atá ag éirí linn sna réimsí seo).
- Éifeachtacht ár bpróisis ghnó a fheabhsú, costais a laghdú agus éifeachtúlachtaí idirbhearta a fheabhsú.
- Tacú le bainistiú tionscadail ar fud na heagraíochta le huirlisí agus áiseanna oiriúnacha.

**Cuspóir 7: Bainistíocht airgeadais agus córais bhainistiú láidre riosca a sholáthar**

- An t-aonad bainistiú fiacha a chur chun cinn agus a sheachadadh d'fhonn billeáil thráthúil ioncaim agus bainistiú tráthúil fiacha a chinntiú.
- Próisis nua leis an gcleachtas is fearr a chur chun cinn d'fhonn a chinntiú go n-íocfar ár soláthraithe go héifeachtúil agus go pras, le 'ríomhshonrascadh'.
- (billeáil leictreonach seachas sonraisc ar pháipéir) san áireamh.
- Córas faireacháin na dtionscadal caipitil (córas a rianaíonn costais, am oibre, agus mar sin de) a fheidhmiú agus a fheabhsú go leanúnach.
- Athbhreithniú leanúnach ar chlár na rioscaí corparáideacha a éascú agus a chinntiú go mbíonn ár bpolasaithe árachais agus ár straitéisí maolaithe oiriúnach do na rioscaí a aithnítear.
- Próiseas athbhreithnithe rátaí a fhorbairt agus a sheachadadh le cinntiú go ndéanfar gach réadmhaoin inráthaithe a luacháil ar mhaithe leis an ioncam is mó a bhaint amach.
- An próiseas comhairliúcháin don straitéis buiséid, lena n-áirítear an nós imeachta maidir le comhathrú cáin réadmhaoine a éascú agus a bhainistiú.
- Ullmhú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad caipitil
- Tacú leis an gcleachtas is fearr i leith sreabhadh airgid, bainistiú cisteáin agus bainistiú airgeadais san eagraíocht agus é a fheabhsú.
- Na cuntais bhliantúla a ullmhú le haghaidh iniúchta de réir an fhormáid fhorordaithe agus Cód Cleachtais Cuntasaíochta An Rialtais Áitiúil in Éirinn agus na Rialacháin Chuntasaíochta.
- Tuiscint airgeadais níos fearr a chothú agus oiliúint i gcórais airgeadais a sholáthar laistigh den eagaíocht.
- Deiseanna a aithint chun croí-phrionsabail luach ar airgid a fhorbairt: éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht i ngach gníomhaíocht chorparáideach.




Flavours of South Dublin

# Feidhmiú, faireachán agus athbhreithniú

Sa phlean seo, leagtar amach ár dtosaíochtaí, na héilimh agus na dúshláin atá romhainn, agus cad is féidir linn a bhaint amach sna cúig bliana atá romhainn dar linn. Is cinnte go n-athróidh cúinsí, agus mar sin beidh orainn dul in oiriúint do na hathruithe seo le linn saolré an phlean seo. Aithneoidh muid na cúinsí athraitheacha seo lenár bpróiseas leanúnach faireacháin agus athbhreithnithe. Le seo a dhéanamh, déanaimid taighde agus ullmhaímid réimse tuarascálacha ar ár ngníomhaíochtaí agus ár seirbhísí, agus fanaimid suad chun dáta le polasaí náisiúnta trí athbhreithniú agus feidhmiú a dhéanamh ar phleananna agus treoracha an Rialtais.

Is iad seo a leanas na háiseanna maoirseachta, faireacháin agus tuairiscíochta a chruthaímid agus a thugann treoir dúinn:

- Plean Gníomhaíochta Seirbhís Chustaiméirí
- Buiséad Bliantúil
- Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhísí
- Pleananna foirne agus pleananna forbartha pearsanta faoin gCóras Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha
- Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Clár Caipitil Rollach trí bliana
- Tuarascáil Bhliantúil Dhearbhú Caighdeáin faoin gCód Caiteachais
- Athbhreithniú bliantúil ón nGrúpa Polasaí Corparáideach agus ullmhú Thuarascáil Bhliantúil ar Ghnóthachtála an Phlean Chorparáidigh
- Táscairí Náisiúnta Feidhmíochta
- Tuarascáil Bhliantúil
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta
- Tuarascáil Bhliantúil an Rialtais Áitiúil
- Tuarascálacha an Choimisiún Náisiúnta Maoirseoireachta agus Iniúchóireachta

Beidh plean seachadadh seirbhísí bliantúil á tháirgeadh ag an gcomhairle le haghaidh gach bliana de chúig bliana an Phlean Chorparáidigh. Leagfar na spriocanna seirbhíse agus na táirgí insoláthraithe bliantúla le haghaidh gach stiúrthóireachta amach sna pleananna bliantúla seo.

Beidh córas bainistíocht feidhmíochta agus forbartha ag oibriú ar fud na heagraíochta mar bhonn taca do na pleananna bliantúla seo le haghaidh seachadadh seirbhísí. Beidh daoine aonair á nascadh leis na pleananna oibriúcháin ag an bpróiseas bainistíocht feidhmíochta seo, ag úsáid pleananna foirne agus pleananna forbartha pearsanta araon.

Cuirtear tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh faoi bhráid na gcomhaltaí tofa ag cruinniú comhairle gach mí. Tugtar sonraí sa tuarascáil seo faoi na gnóthacháin thábhachtacha i seachadadh an Phlean Chorparáidigh agus príomhghnéithe na staitisticí faoi sheachadadh seirbhísí agus faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa phlean seachadadh seirbhísí don bhliain sin.

Le linn saolré an phlean seo déanfaidh an Grúpa Beartais Corparáidigh agus an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Corparáideach agus beidh siad ag tuairisciú chuig an Chomhairle gach bliain. Cuirfear iad san áireamh ansin sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain sin.

### Táscairí feidhmíochta agus sonraí bonnlíne:

In Aguisín 3 leagtar amach na sonraí ábhartha ardleibhéil maidir le feidhmíocht na mbunfheidhmeanna agus na seirbhísí tábhachtacha i gComhairle Contae Átha Cliath Theas. Leis seo bunófar bonnlíne de shonraí ardleibhéil, dírithe ar aschur/torthaí, thar chuspóirí an Phlean Chorparáidigh. Cabhróidh na sonraí bunlíne seo (faisnéis tosaigh) linn ár bhfeidhmíocht agus ár ngnóthachtálacha a thomhas, agus treoróidh siad ár bpleananna don todhchaí.

# Aguisín 1

## Creat Cearta Daonna agus Comhionnanais

**Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go bhfuil sé riachtanach leatrom a chealú, comhionnanas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna lucht úsáide na seirbhíse agus na foirne a chosaint agus an plean seo á ullmhú.**

Forbraíodh an Creat Cearta Daonna agus Comhionnanais mar chuid den tiomantas seo. Tá measúnú ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionnanais ann atá le cur san áireamh agus feidhmeanna agus seirbhísí na Comhairle á seachadadh, agus conas a thabharfar faoi na saincheisteanna seo. Leanfaimid ar aghaidh ag obair ar an gcreat agus déanfar tuairisciú ar bhealach a bheidh inrochtana don phobal. Tabharfar tuairisc faoi na forbairtí agus na gnóthachtálacha faoin gcreat inár dtuarascáil bhliantúil i rith saolré an phlean seo, de réir riachtanais Alt 42 de Acht an Choimisiúin Cearta Daonna agus Comhionnanais 2014.

Tá trí chuid ag an gcreat mar a leanas:

### 1. Measúnú ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionnanais atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóirí na Comhairle

Tá réimse leathan seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, bóithre agus soilsiú sráide, bealaí spaisteoireachta agus rothaíochta, páirceana agus ionaid spraoi, leabharlanna, áiseanna spóirt, rialú bruscair, ionaid ealaíon, pleanáil, aonaid fiontraíochta, bonneagar pobail agus tacaí airgeadais trí dheontais éagsúla á gcur ar fáil agus á maoiniú ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Feidhmíonn sí freisin mar ardán don daonlathas áitiúil le 40 comhairleoir scaipthe trí sheacht dtoghcheantar. Mar chomhlacht poiblí atá ag freastal ar phobail ilghnéitheacha, cuirtear cúinsí comhionnanais agus cearta daonna san áireamh ar fud ár gcuid feidhmeanna.

Tá na feidhmeanna seo a leanas aitheanta againn áfach mar fheidhmeanna ina bhfuil tábhacht ar leith le cearta daonna agus comhionnanas:

**Tithíocht:** Laistigh den dlí agus faoi réir ag ár n-oibleagáidí reachtúla, is é ár bhfeidhm mar Údarás Tithíochta aonad cónaithe a oireann dá gcuid riachtanas a sholáthar do gach duine nó teaghlach, i dtimpeallacht mhaith, agus sa tionacht is rogha leo a oiread is féidir - mar shampla ar cíos nó le ceannach.

Áirítear sna sainchúraim éagsúla Tithíochta tithíocht agus cóiríocht a sholáthar do dhaoine míchumasaithe, don Lucht Siúil, do dhaoine gan dídean agus do dhaoine scothaosta. Tá riarachán na ndeontas oiriúnú tithe, cothabháil, leas tithíochta agus tacaíocht do thionóntaí san áireamh freisin.

**Pobal:** Tá sé de fhreagracht orainn áiseanna pobail, ealaíon, spóirt agus siamsaíochta agus na deontais a ghabhann leo a sholáthar. Tá Aonad Ionchuimsithe Sóisialta dílsithe ann a thugann tacaíocht do ghrúpaí pobail atá ag obair le grúpaí éagsúla.

**Seirbhísí custaiméirí:** Is ceart dúinn seirbhísí custaiméirí a sholáthar ina n-aithnítear riachtanais ilghnéitheacha na bpobal a bhfuilimid ag freastal orthu. Mar shampla, cuirimid ateangaireacht i dteanga chomharthaíochta na hÉireann nó i dteangacha iasachta agus cáipéisí inrochtana atá báúil don litearthacht ar fáil.

**Pleanáil agus forbairt:** tá riarachán Teastais Rochtana Míchumais san áireamh inár bhfeidhm phleanála.

**Soláthar:** is ceart go mbeadh cleachtais soláthair (ceannach) againn a bhfuil dearadh uilíoch agus comhionnanas mar bhonn leo.

**Forbairt agus Feidhmiú Polasaí:** is ceart dúinn próifíl chomhionnanais a dhéanamh ar pholasaithe agus ar phleananna na Comhairle agus ar a bhfeidhmiú le cinntiú go bhfuil siad comhionnan agus ionchuimsitheach do chách.

**Acmhainní Daonna:** Ní mór dúinn a chinntiú go mbíonn cleachtais acmhainní daonna, lena n-áirítear earcaíocht, agus leas na foirne, ag comhlíonadh na gcleachtas is fearr maidir le comhionnanas agus cearta daonna.

**Bóithre agus Iompar:** Ní mor dúinn áiseana coisithe a chur ar fáil agus a chothabháil agus tosaíocht a thabhairt do rochtaine agus comhionnanas agus an buiséad á chaitheamh againn.

**Leithdháileadh Deontas:** Is ceart do na deontais a bhíonn á riaradh againn tacú le rochtain, comhionnanas agus cearta daonna agus iad a spreagadh

### 2. Tabhairt faoi shaincheisteanna trí pholasaithe, pleananna agus gníomhaíochtaí atá ar bun nó beartaithe.

Tá beartais, pleananna agus straitéisí ag an gComhairle le tacú le hionchuimsiú daoine a ndéantar imeallú orthu ar nós Lucht Siúil na hÉireann, mná, daoine míchumasaithe, daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscne (LGBT), náisiúnaigh as lasmuigh d'Éirinn, daoine óga agus daoine eile a bhaineann le grúpa imeallaithe nó mionlaigh, agus seirbhísí a sheachadadh dóibh.

Is iomaí sampla atá ann de ghníomhaíochtaí a léiríonn tiomantas na Comhairle ní hamháin don chomhionnanas ach do chomhionnanas substainteach a bhaint amach (comhionnas i dtorthaí) do shaoránaigh, do chustaiméirí agus cuairteoirí i gcláir agus i seirbhísí mar a leanas:

- Painéal Comhairleach agus Comhairliúcháin Chontae Átha Cliath Theas um Mhíchumas
- Seachtain Ionchuimsiú Sóisialta Chontae Átha Cliath Theas
- An tSeachtain Rochtana Náisiúnta
- An tSeachtain Sláinte agus Folláine
- Tiomantas leanúnach mar údarás áitiúil atá báúil don litearthacht
- Suíomh gréasáin inrochtana agus ardleibhéal rochtana ar fáil in áiseanna, foirgnimh agus seirbhísí na Comhairle
- Tairseach Comhairliúcháin Ar Líne
- Cumarsáid ionchuimsitheach ar nós Lúibeanna Ionduchtúcháin Minicíocht Fuaime (AFIL), ateangaireacht agus comharthaíocht
- Tograí atá báúil do theaghlaigh ar nós roghanna solúbtha oibre

Tá réimse ilghnéitheach beartas agus straitéisí ag an gComhairle freisin a léiríonn go bhfuil sí tiomanta do chur chun cinn agus do thacú le cothú agus cosaint an chomhionnanais agus chearta daonna, go hinmheánach agus go seachtrach, mar a léirítear thíos.


Déanfar promhadh ar gach polasaí d'fhonn a chinntiú go dtugann an Chomhairle aird go seasta ar na prionsabail a bhaineann le leatrom a stopadh, comhionnas deiseanna a chothú agus cearta daonna ár mbaill, úsáideoirí ár seirbhísí agus na foirne a chosaint.

Beartais agus straitéisí tacaíochta don chomhionnanas agus do Chearta Daonna:

- Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí agus Cairt Chustaiméirí
- Polasaí agus Nósanna Imeachta Araíonachta
- Polasaí Dínite ag Obair
- Beartas Cosaint Sonraí
- Polasaí Rialachais Dhigitigh agus pleananna cumarsáide Inmheánacha agus Seachtracha
- Beartas Comhdheiseanna
- Polasaí agus Nósanna Imeachta Méala
- Sláinte agus Sábháilteacht ag Obair
- Plean Gníomhaíochta ar Son na Litearthachta
- Polasaí Saoire Thuismitheoireachta
- Polasaí agus Nósanna Imeachta um Leanaí a Chosaint agus a Chumhdach
- Polasaí maidir le Daoine Míchumasaithe a Fhostú
- Plean Forbartha Chontae Átha Cliath Theas 2016 - 2022
- Straitéis Ionchuimsitheachta Chontae Átha Cliath Theas 2019 - 2023
- Beartas Ionchuimsitheachta Sóisialta
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024

### 3. Tuarascáil ar fhorbairtí agus gnóthachtálacha sa tuarascáil bhliantúil

Cuirfear grúpa oibre trasrannach ar bun le tacú le forbairt leanúnach an chreat seo agus beidh tuarascálacha faoin dul chun cinn áirithe sna Tuarascálacha Bliantúla le linn saolré an Phlean Corparáidigh seo. Beidh tuarascálacha ar dhun chun cinn san áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla le linn saolré an Phlean Chorparáidigh seo.




## Aguisín 2

### Plean bliantúil oibre agus cairt feidhmíochta

Mínítear sa chairt thíos na ceangail atá ag ár bPlean Corparáideach 5 bliana agus pleananna eile ar nós an Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhísí agus ár dTuarascáil Bhliantúil le chéile. Cuirtear na tacaíochtaí éagsúla beartais agus líonra, na socruithe maoirseachta, agus tacaíochtaí praiticiúla ar nós buiséid agus tograí, san áireamh.

# Aguisín 3
## Táscairí Feidhmíochta agus sonraí bonnlíne


Roghnaíodh na táscaire seirbhíse áitiúla seo a leanas le measúnú a dhéanamh orthu le linn tréimhse an phlean mar bhreis ar agus ar leithligh ó na táscairí feidhmíochta náisiúnta a bheidh á maoirsiú ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC).

| Spriocanna an Phlean Chorparáidigh | Tomhas/ Táscaire - in uimhreacha Líon: | Sonraí Bunlíne do 2019 |
|---|---|---|
| Forbairt eacnamaíochta, fiontraíochta agus turasóireachta | Tograí tacaíochta gnó agus an caiteachas | 35 (€300,000 expenditure) |
| | Postanna cruthaithe nó tacaithe i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí | 6,000 (lena n-áirítear tógáil), 5,400 tacaithe |
| | Diúscairtí talamh forbartha eacnamaíochta | 20 |
| | Baill ghníomhacha leabharlainne | 47,462 |
| | Méid spás leabharlainne in M2 | 5,798 |
| | Féilte/imeachtaí turasóireachta | 11 |
| Talamhúsáid, pleanáil agus iompar | Tithe príobháideacha críochnaithe (R4 2018 go R3 2019) | 1,107 |
| | Casáin nua agus uasghrádaithe – i méadair chearnacha (m2) | 74,644 |
| | Casáin rothar nua agus uasghrádaithe - i méadair chearnaithe (m2) | 7,508 |
| | Scéimeanna feabhsaithe sráidbhaile agus lárionaid cheantair críochnaithe | 1 |
| | Uasghráduithe LED ar shoilsiú poiblí críochnaithe | 1,736 |
| | % cruinnithe réamhphleanála a tionóladh laistigh de 8 seachtain ón iarratas | 54% |
| Tithíocht, forbairt shóisialta agus phobail | Leithdháilte tithe nua | 618 |
| | Fágáil/cosc ar dhaoine a bheith gan dídean | 738 |
| | Méid caiteachas cothabhála beartaithe | €1.7 M |
| | Cruinnithe idir gníomhaireachtaí | 39 |
| | Caoirí ar áiseanna áineasa na comhairle | 593,463 |
| | Rannphháirtithe i dtograí spóirt agus sláinte agus folláine na comhairle | 136,187 |
| Comhshaol, uisce agus athrú aeráide | Tograí Gníomhú Aeráide faoin bplean gníomhaíocta aeráide | 43 |
| | Áitrimh ar tugadh cosaint dóibh faoi scéimeanna cosanta tuile | 0 |
| | Coigiltí fuinnimh Údaráis Áitiúla | 29.6% |
| | Crainn curtha | 1,914 |
| | Seisiúin feasachta comhshaoil/gníomhaíocht aeráide | 131 |
| | Spásanna nua imeartha/spásanna déagóirí/ páirceanna imeartha | 15 |
| Cumas agus cuntasacht eagrúcháin | Daoine ar an gclár toghcháin | 194,497 (96% de dhaonra cáilithe an daonáirimh) |
| | Fiosrúcháin chustaiméirí faighte | 78,006 |
| | Fiosrúcháin chustaiméirí a dúnadh laistigh den spiocam | 72,814 (93%) |
| | Líon Ionadaíochtaí faighte ó Chomhaltaí Tofa | 9,609 |
| | Líon ionadaíochtaí dúnta laistigh den spriocam | 4,925 (51%) |
| | Fiosrúcháin Saoirse Faisnéise/Rochtain Sonraí freagraithe | 287 |
| | Saoránaigh a rinne idirghníomhaíocht ghníomhach linn trínár dtairseach comhairliúcháin, suirbhé saoránach, agus vótaí rannpháirtíochta buiséid caite. | 6,164 |
| | Cúrsaí foghlama agus forbartha in aghaidh an bhall foirne | 2.78 (meán) |





Grange Castle




# Aguisín 4

## Grúpa polasaí corparáideach agus foireann ardbhainistíochta/ Maoirseacht Neamhspleách

Tá míniú ar struchtúr Chomhairle Contae Átha Cliath Theas sa chairt thíos. Tá an Méara ar barr, na Comhaltaí Tofa ansin agus na Coistí agus a naisc leis an bhFoireann Bainistíochta (Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí/Cinn Seirbhísí, Gníomhaire Dlí agus Ailtire an Chontae).

# Aguisín 5

## An próiseas Comhairliúcháin

Úsáideadh próiseas leitheadach comhairliúcháin leis an phlean seo a ullmhú. Miondealaítear é mar seo:

- Ghlac 394 duine páirt inár suirbhé ar líne,
- chuathas i gcomhairle le 59 ngrúpa leasmhar, agus
- eagraíodh os cionn 60 ceardlann le lucht foirne, comhaltaí tofa agus páirtithe leasmhara seachtracha.

Is iad seo a leanas an 59 eagraíocht a ghlac páirt linn sa chomhairliúchán.  Liostaítear iad ó A-Z. .

1. Comhaontas Aoisbháúil an Chontae
2. Áras Chrónáin
3. Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann
4. Comhairle na nÓg
5. Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Chluain Dolcáin
6. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
7. An Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta
8. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
9. An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
10. An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
11. An Roinn Cosanta
12. An Roinn Oideachais agus Scileanna
13. An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta
14. An Roinn Airgeadais
15. An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
16. An Roinn Sláinte
17. An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil:
18. An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionnanais
19. Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
20. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
21. An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
22. Roinn an Taoisigh
23. Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil Bhaile Átha Cliath 12
24. Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
25. Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tire
26. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
27. Fiontraíocht Éireann
28. Fáilte Éireann
29. Éire Shláintiúil
30. IBEC
31. IDA Éireann
32. Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúla
33. An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
34. An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta
35. An tÚdarás Náisiúnta Iompair
36. Baill den Oireachtas
37. Fóram Réigiúnach Sláinte, Baile Átha Cliath - Lár Laighean
38. An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
39. Comhlachas Bhaile Átha Cliath Theas
40. Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Bhaile Átha Cliath Theas
41. Coiste Cúram Leanaí Contae Átha Cliath Theas
42. Comhairle na nÓg Contae Átha Cliath Theas
43. Fóram Oidhreachta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
44. Painéal Comhairleach agus Comhairliúcháin Chontae Átha Cliath Theas um Mhíchumas
45. Coiste Comhphóilínteachta Chontae Átha Cliath Theas
46. Coiste Forbartha Pobail Chontae Átha Cliath Theas
47. Fóram Ionchuimsithe Imirceach Chontae Átha Cliath Theas
48. Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas
49. Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae Átha Cliath Theas
50. Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas
51. Coiste Comhairliúcháin Cóiríocht an Lucht Siúil Chontae Átha Cliath Theas
52. Ionad Oibrithe Deonacha Chontae Átha Cliath Theas
53. Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iardheiscirt
54. Ionad Ealaíon Pobail Thamhlachta
55. Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta
56. Ospidéal Thamhlachta
57. Staid Thamhlachta
58. Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh Túsla
59. TU Baile Átha Cliath, Campas Thamhlachta

# Aguisín 6

## Liosta de na straitéisí agus de na beartais a pléadh

San aguisín seo tá liosta de na straitéisí agus na beartais a breithníodh agus an plean corparáideach á fhorbairt. Roinntear an liosta faoi na cinnteidil a leanas:

1. Náisiúnta/AE
2. Réigiúnach
3. Áitiúil

### 1. Náisiúnta / AE

- Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí & do Dhaoine Óga 2014-2020
- Plean Gníomhaíochta Aeráide 2019 le Tabhairt faoi Thrombhriseadh Aeráide (2019)
- Ráiteas Straitéise na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Straitéis Náisiúnta Cibearslándála
- Straitéis Náisiúnta Digiteach
- Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais
- Treoir 'Floods' an AE
- Straitéis AE ar Oiriúnú d'Athrú Aeráide
- Córas Feasacht Tuilte Eorpach (EFAS)
- Plean Feidhmithe Straitéise TFC an Rialtais Áitiúil
- Plean Bainistiú Riosca Tuilte Náisiúnta CFRAM
- An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (2018)
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- An Plean Forbartha Náisiúnta
- An Plean Náisiúnta um Ionchuimsiú Daoine Míchumasaithe 2017 - 2021
- Seirbhís Rabhaidh agus Réamhaisnéise Tuile
- Plean Náisiúnta Oidhreachta - Oidhreacht Éireann 2030
- Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine Míchumasaithe
- Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe LGBTI+ 2019 - 2021
- Creat Náisiúnta Pleanála 2040
- Polasaí Fiontraíochta Sóisialta d'Éirinn 2019-2022
- Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe don Lucht Siúil agus Roma
- Straitéis Náisiúnta Athúsáide do Thithíocht Neamhshealbhaithe
- Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022
- Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú
- Ár Seirbhís Phoiblí 2020
- Daoine, Spás agus Polasaí - Fás na Turasóireachta go 2025
- Táscaire Feidhmíochta in dtuarascálacha bliantúla na nÚdarás Áitiúla
- Straitéis sonraí na seirbhíse poiblí 2019-2023
- Atógáil na hÉireann
- Plean Bainistíochta Abhantracha d'Éirinn 2018-2021
- Straitéis le haghaidh Forbairt na nGlasbhealach Náisiúnta agus Réigiúnacha sa Todhchaí
- Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsithe Cumasaithe 2019-2024
- An Straitéis Náisiúnta Teanga 2010-2030
- Ráiteas Polasaí Seirbhísí Uisce 2018-2025
- Treoirlínte Forbartha d'Fhuinneamh Gaoithe

2. Réigiúnach

- Cláir Oibriúcháin ERDF 2014-2020
- Pleananna Bainistiú Riosca Tuile
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha
- Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch an Oirthir agus Lár Tíre
- Plean Réigiúnach Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath 2020
- Straitéis Iompair an Údarás Náisiúnta Iompair do Mhórcheantar BÁC 2016 - 2035
- Plean Réigiúnach Bainistiú Dramhaíle an Oirthir agus Lár Tíre 2015/2021

3. Áitiúil

- Straitéis Postanna do Chontae Átha Cliath Theas
- Pleananna Soláthar Seirbhíse Bliantúla
- Straitéis um Iompraíocht fhrithshóisialta
- Plean Gníomhaíochta don Athrú Aeráide 2019-2024
- Nascadh don Bheatha - Plean Gníomhaíochta um Fhéinmharú a Chosc 2018-2020
- Plean Forbartha Contae 2016-2022
- Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí agus Cairt Chustaiméirí
- Straitéis Réigiúnach Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath 2017-2019
- Straitéis Forbartha Eacnamaíochta

- Plean Gníomhaíochta don Straitéis Forbartha Eacnamaíochta
- Sláintiúil Átha Cliath Theas 2019-2022
- Coiste Comhphóilíneachta 2017-2022 Plean Straitéiseach
- Plean Gníomhaíochta ar Son na Litearthachta
- Maireachtáil le Crainn - Polasaí agus Clár Bainistiú Crann an SDCC
- Straitéis Dhigiteach Áitiúil á ullmhú
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016 -2021
- Mórphlean Éigeandála Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- Fúibhse atá sé  Plean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas
- Straitéis Sábháilteachta Bóthair 2016-2020 agus Grúpa Oibre Sábháilteacht Bóthair le Chéile
- Straitéis Forbartha Ealaíon Átha Cliath Theas 2016-2020
- Straitéis Cóiríochta do Dhaoine Míchumasaithe, Átha Cliath Theas
- Straitéis Ionchuimsitheachta  Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- Plean Forbartha Chontae Átha Cliath Theas 2016 - 2022
- Straitéis Ionchuimsitheachta  Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2019-2023
- Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Átha Cliath Theas 2018-2022
- Straitéis Turasóireachta Átha Cliath Theas 2016
- Straitéis Margaíochta Turasóireachta
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024


# Aguisín 7

## Na Comhairleoirí

### Cluain Dolcáin



An Crl. William Joseph Carey
Sinn Féin
wcarey@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Kenneth Egan - Fine Gael
Fine Gael
kegan@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Trevor Gilligan
Fianna Fáil
tgilligan@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Shirley O'Hara
Fine Gael
sohara@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Peter Kavanagh
Páirtí Glas
pkavanagh@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Eoin Ó Broin
Neamhspleách
eoinob@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Francis Timmons
Neamhspleách
ftimmons@cllrs.sdublincoco.ie


## Teach na Giúise - Bóthar na Bruíne



An Clr Clare O'Byrne
Páirtí Glas
cobyrne@cllr.sdublincoco.ie



An Clr. Alan Edge
Neamhspleách
aedge@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Brian Lawlor
Fianna Fáil
blawlor@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Emma Murphy
Fianna Fáil
emurphy@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Deirdre O'Donovan
Fianna Fáil
dodonovan@cllrs.sdublincoco.ie

## Leamhcán



An Crl. Vicki Casserly
Fine Gael
vcasserly@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Paul Gogarty
Neamhspleách
pgogarty@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Liona O'Toole
Neamhspleách
lotoole@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Ed O'Brien
Fianna Fáil
eobrien@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Joanna Tuffy
An Lucht Oibre
jtuffy@cllrs.sdublincoco.ie

## Baile Phámair - Cnoc an Fhuaráin




An Crl. Alan Hayes
Neamhspleách
ahayes@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Madeleine Johansson
Daoine Roimh Bhrabús
mjohansson@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Shane Moynihan
Fianna Fáil
smoynihan@cllrs.sdublincoco.ie




An Crl. Gus O'Connell
Neamhspleách
goconnell@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Lisa Kinsella - Colman
Sinn Fein
lkinsellacolman@cllrs.sublincoco.ie

## Ráth Fearnáin - Teach Mealóg




An Clr. Carly Bailey
Daonlathaigh Sóisialta
cbailey@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Yvonne Collins
Fianna Fáil
ycollins@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr .Pamela Kearns
An Lucht Oibre
pkearns@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. David McManus
Fine Gael
dmcmanus@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. William Priestley
An Páirtí Glas
wpriestley@cllrs.sdublincoco.ie




An Clr. Ronan McMahon -
Neamhspleách
rmcmahon@cllrs.sdublincoco.ie

## Tamhlacht Láir



An Crl. Teresa Costello
Fine Gael
tcostello@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Mick Duff
Neamhspleách
mduff@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Cathal King
Sinn Féin
cathalking@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Kieran Mahon
Dlúthháirtíocht
kmahon@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Charlie O'Connor
Fianna Fáil
coconnor@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Liam Sinclair
An Páirtí Glas
lsinclair@cllrs.sdublincoco.ie

## Tamhlacht Theas



An Crl. Louise Dunne
Sinn Féin
ldunne@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Sandra Fay
-Dlúthpháirtíocht
sfay@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Patrick Pearse Holohan
Sinn Fein
pholohan@cllrs.sdublincoco.ie



An Crl. Baby Pereppadan
Fine Gael
bpereppadan@cllrs.sdublincoco.ie



An Clr. Dermot Richardson
Sinn Féin
drichardson@cllrs.sdublincoco.ie

# Gluais

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| **Bithéagsúlacht** | Tagraíonn 'Bith' don bheatha agus do 'nithe beo' agus ciallaíonn 'éagsúlacht' réimse leathan nó difríochtaí. Tagraíonn an focal don éagsúlacht ollmhór beatha mórthimpeall orainn. Tá sé riachtanach dúinn ardleibhéal éagsúlachta plandaí, ainmhithe agus nithe beo a chothabháil ionas go mbeidh comhshaol sláintiúil againn atá oiriúnach don bheatha dhaonna. Tá ilghnéitheacht laistigh de speicis, idir speicis agus idir éiceachórais san áireamh. **www.biodiversityireland.ie** |
| **Gormbhealaí** | Stráice nasctha d'aibhneacha, lochanna, canálacha agus línte cósta a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí siamsaíochta ar nós rothaíocht, curachóireacht agus siúl. |
| **Bonneagar Cultúrtha** | Áirítear daoine, teicneolaíocht, bailiúcháin chultúrtha agus foirgnimh le bonneagar cultúrtha. Le chéile, ciallaíonn na comhábhair seo gur féidir eispéiris ealaíon agus chultúrtha a phleanáil agus a sholáthar. |
| **Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC)** | Obair idirghníomhaíochta (trí choistí) a chuireann feabhas ar shaol leanaí, daoine óga agus teaghlaigh in Éirinn. **www.cypsc.ie/your-county-cypsc/south-dublin.234.html** |
| **Cumas Sibhialta** | Is tréith aonair é cumas sibhialta a thagraíonn do chumas an tsaoránaigh páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta polaitiúil. Tá scileanna ar nós a bheith in ann fíricí a aithint agus breithiúnas a dhéanamh i gcomhthéacs oibre sibhialta san áireamh. |
| **Maolú Athrú Aeráide** | Iarrachtaí le hastú gásanna dochracha ar nós dé-ocsaíd charbóin agus meatán a laghdú nó a chosc. D'fhéadfadh teicneolaíochtaí nua agus fuinnimh inathnuaite a bheith i gceist le maolú, trealamh níos sine a fheabhsú ó thaobh éifeachtacht fuinnimh, nó cleachtais bhainistíochta nó iompar tomhaltóirí a athrú. |
| **Néalteicneolaíochtaí** | Ciallaíonn néalríomhaireacht infhaighteacht seirbhísí ríomhaireachta ar fáil ar éileamh ar an idirlíon. Tá freastalaithe, stóráil, bunachar sonraí, líonrú, bogearraí, anailísíocht, agus faisnéis san áireamh sna seirbhísí seo.. |
| **fixyourstreet.ie** | Le Deisigh do Bhóthar nó Fix Your Street is féidir le duine ar bith tuairisc faoi graffití, silte nó draenáil, sclaigeanna agus damáiste do bhóithre agus do chasáin, do shoilse sráide, agus do limistéirí glasa poiblí a dhéanamh.. **www.fixyourstreet.ie** |
| **Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI)** | Is ionann FDI agus infheistíocht a dhéanan duine nó gnólacht as tír amháin i leasanna gnó i dtír eile. |
| **Pleanáil Chun Cinn** | Is cleachtas don todhchaí é Pleanáil Chun Cinn. Baineann sé le todhchaí cheantair mhóir sa bhfadtéarma, le deiseanna fáis agus forbartha a aithint ionas gur féidir talamh a bhainistiú ar an leas is fearr don phobal. |
| **Glasbhealaí** | Ceantar glasbhealaigh - casán saor ó thrácht den chuid is mó, deartha le húsáid ag coisithe, rothaithe agus úsáideoirí eile neamh-mhótaraithe ar nós úsáideoirí chathaoireacha rotha, teaghlaigh le naíchóistí, srl. |
| **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)** | Plean sé bliana le cuspóirí agus gníomhartha le forbairt eacnamaíocht a chur chun cinn agus tacú léi agus forbairt áitiúil agus phobail a chur cinn ag an údarás áitiúil i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eacnamaíochta agus pobail eile.. **www.sdcppn.ie/resources/lecp** |
| **Coiste Forbartha Áitiúil Pobail Chill Chainnigh (CFPÁ) (LCDC)** | Is coistí iad Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDC) atá i ngach ceann de na ceantair Údaráis Áitiúla. Tá sé d'aidhm acu pleanáil straitéiseach agus comhordú ghníomhaíocht fhorbartha áitiúil agus pobail a fheabhsú.. |
| **Tionscadail Shoghluaisteachta** | Gníomhaíochta le plódú tráchta a laghdú agus roghanna ar nós casáin rothaíochta a fheabhsú don chórais iompair phoiblí. |
| **Ionadaíochtaí Comhaltaí** | s é gnó na gcomhaltaí tofa ionadaíocht a dhéanamh ar son na ndaoine ina gceantar. Is féidir leis na comhaltaí tofa inchur a dhéanamh san údarás áitiúil thar ceann an phobail i dtaobh gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm ar a gceantar. Is féidir leo freisin ceisteanna a chur nó saincheisteanna a ardú thar ceann grúpaí agus daoine aonair go díreach leis an údarás áitiúil agus le comhlachtaí eile. Tugtar ionadaíochta comhaltaí ar na ceisteanna seo agus is féidir leo iad a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ar líne trí chóras speisialta TF |
| **Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNM&I)** | Eagraíocht neamhspleách náisiúnta maoirseachta d'earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn. Déanann sé iniúchóireacht ar fheidhmíocht go ginearálta, agus ar fheidhmíocht airgeadais go sonrach. **www.noac.ie** |
| **An Réimse Poiblí** | Go ginearálta tagraíonn an réimse poiblí do gach ceantar a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, bóithre, sráideanna, páirceanna, cearnóga agus droichid agus spásanna oscailte. |
| **Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)** | Próiseas foirmiúil féin-mheasúnaithe agus plé structúrtha is ea é seo. Tá sé d'aidhm aige cabhrú le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus ghairme bhall aonar den bhfoireann. |
| **Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)** | Is comheagraíochtaí d'eagraíochtaí comhshaoil, ionchúimsiú sóisialta, pobail agus deonacha iad na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí **www.sdcppn.ie** |
| **Buiséadú Rannpháirtíoch** | Is próiseas daonlathach plé agus cinnteoireachta é an buiséadú rannpháirtíoch, ina ndéanann gnáthdhaoine cinneadh faoin gcaoi a dhéantar leithdháileadh ar chuid de bhuiséad bardasach nó poiblí.. |
| **Páirc phóca** | Is ionnan páirc phóca agus páirc bheag a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne uirthi. Cruthaítear páirceanna póca go minic in aon láithreán tógála amháin atá folamh, ar phíosaí beaga míríalta talún. Is féidir iad a chruthú chomh maith mar chuid de riachtanas spáis phoiblí ar thionscadail mhóra tógála. |
| **Clár Rioscaí** | Is uirlis é an Clár Rioscaí le rioscaí, agus na gníomhartha atá riachtanach le gach ceann de na rioscaí a bhainistiú, a thaifeadadh Tá an Clár Rioscaí riachtanach le bainistíocht rathúil a dhéanamh ar riosca. De réir mar a aithnítear rioscaí déantar iad a thaifeadadh ar an gclár agus déantar gníomh le freagairt don riosca. |
| **Straitéis Ceartmhéadaithe** | Is rogha gníomhach dearfa é an ceartmhéadú a dhéanann daoine scothaosta bogadh óna n-áit chónaithe lena gcaighdeán beatha a fheabhsú. Braitheann an cumas ceartmhéadaithe ar infhaighteacht agus ar rochtain ar roghanna tithíochta a fheabhsódh caighdeán na beatha do dhaoine, dar leo. Is minic go mbíonn bogadh chuig aonaid tithíochta níos lú i gceist.. |
| **Fuinnimh Inathnuaite** | Is ionnan fuinneamh inathnuaite agus fuinneamh a thagann ó acmhainní nádúrtha an domhain agus ar féidir é a úsáid arís agus arís eile agus a athsholáthar go nádúrtha, ar nós na gaoithe agus solas na gréine. Is féidir fuinneamh inathnuaite a úsáid mar mhalairt ar fhuinneamh traidisiúnta a bhraitheann ar bhreosla iontaise, agus de ghnáth déanann sé níos lú dochair don chomhshaol. |
| **Comhaontú Leibhéal Seirbhísí (SLA)** | Is ionann comhaontú leibhéal seirbhísí agus tiomantas idir soláthraí seirbhíse agus cliant. Déantar gnéithe áirithe den tseirbhís - cáilíocht, infhaighteacht, freagrachtaí - a aontú idir an soláthraí seirbhíse agus úsáideoir na seirbhíse. |
| **Seirbhís Chomhroinnte** | I 'seirbhís chomhroinnte' tugtar obair ar láimh d'údarás áitiúil nó craobh eile den tSeirbhís Phoiblí a thugann aire don obair chéanna d'údaráis áitiúla éagsúla, ionas go mbeidh sí cost-éifeachtúil |
| **Ionannas Substainteach** | In ionannas substainteach aithnítear go bhféadfadh an chuma a bheith ar bheartais agus ar chleachtais atá bunaithe go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach ach go mb'fhéidir nach bhfreastalaíonn siad ar riachtanais shonracha ghrúpaí áirithe daoine |
| **Bunlíne thriarach [prionsabal]** | Is creat cuntasaíochta é prionsabal na 'Bunlíne Triarach' a bhfuil trí chuid aige: sóisialta, comhshaol agus airgeadas.l. |
| **Tógáil i gcúram** | Nuair a bhíonn forbairt chónaithe críochnaithe de réir an chead pleanála agus sonraí eile, féadfaidh an forbróir iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Roin Pleanála leis an eastát a thógáil i gcúram. Áirítear leis sin cothabháil bóithre, casáin agus soilsiú poiblí |
| **Voter.ie** | Suíomh gréasáin d'áitritheoirí Bhaile Átha Cliath le clárú le vótáil. Seirbhís í a chuireann ar chumas na saoránach (áitreabhaigh Bhaile Átha Cliath amháin) dul ar líne agus iad féin a chur le Clár na Vótóirí (iarratais nua, clárú den chéad uair) nó a Seoladh a Athrú.. **www.voter.ie** |
| **Talamh Criosaithe Tithíochta** | Déanann údaráis áitiúla pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúla a dhréachtadh go rialta dá gceantair. I measc rudaí eile, tugtar forléargas sna pleananna seo den úsáid is féidir a bhaint as talamh, mar shampla, is féidir talamh a ainmniú le haghaidh úsáid chónaitheach; le haghaidh úsáid tionsclaíochta, talmhaíochta nó siamsaíochta mar spás oscailte nó mar mheascán de na húsáidí seo. Tugtar 'criosú' ar seo go ginearálta. Ó am go ham, féadfaidh an t-údarás áitiúil ainmniú thailte éagsúla a mheas agus a athrú (athchriosáil). |

